

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023



An Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Atha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie

Clár

- 2 Tuarascáil an Choimisinéara
- 6 Struchtúr agus Ról na hEagraíochta
- 11 Straitéis an Choimisiúin um Rialú Iarnróid
- 14 Tuairisc an Phríomhchigire
Údarú le Cur i mbun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht
- 25 Tuairisc an Phríomhchigire
Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú
- 40 Tuairisc an Cheannaire Rialachais Chorparáidigh agus Rialáil Iarnróid
- 46 Tuarascáil ar Rialáil Iarnróid
- 49 Forbairtí sa Chreat Reachtaíochta Náisiúnta agus Eorpach
- 51 Tuairisc Chuimsitheach an Choimisinéara don Aire
- 54 Aguisíní

TUARASCÁIL AN CHOIMISINÉARA



Chuig an Aire Eamon Ryan,
Aire Iompair

A Aire,

Tá áthas ar an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid (CRI) a thuarascáil bhliantúil do 2023 a thíolacadh.

Is í seo ár dtuarascáil deiridh faoinár Ráiteas Straitéise reatha 2021 – 2024. Áiríodh sa Straitéis is déanaí seo tréimhse d'athrú suntasach i ngach ionad oibre mar gheall ar thionchar COVID-19. D'ullmhaigh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid (CRI) clár fairsing oibre do 2023, a chuimsigh raon feidhme iomlán a fheidhmeanna mar atá sonraithe i Roinn 3 den tuarascáil seo.

Tá na gníomhaíochtaí sonracha ar tugadh fúthu faoi threoir reachta agus measúnú riosca CRI féin ar eintitis agus a ngníomhaíocht, chun oibriú sábháilte leanúnach an ghréasáin iarnróid, trambhealaí agus cábla-bhealaigh sa Stát a chinntiú. Áiríodh leis sin measúnú comhréireachta ar chórais bhainistíochta sábháilteachta, údarú chun fochóras bonneagair agus rothstoc a chur i mbun seirbhíse, ceadúnú tiománaithe traenach, measúnú ar chomhlachtaí ainmnithe, chomh maith leis an maoirseacht leanúnach ar gach eintiteas agus forghníomhú nuair is gá chun comhlíonadh a áirithiú.

Maidir leis an earnáil iarnróid throm agus an earnáil iarnróid éadroim le chéile, rinneadh 94.2 milliún turas paisinéara ar an iomlán. Is méadú 26.5% é seo ar fhiigiúr 2022. Cé nach bhfuil an comhfhigiúr iomlán fós níos airde ná na buaicfhigiúirí de thurais phaisinéirí roimh an bbandéim, is téarnamh suntasach é an treocht in airde tar éis deireadh a chur leis na srianta paidéime uile.

D'eisigh CRI 52 Litir Ghlactha (LoA) faoina údarú feidhm a bhain le fochórais, bonneagar, comharthaíocht agus rothstoc a chur i mbun seirbhíse. Áiríodh orthu seo dhá LoA Céim 2 (Réamhdhearadh) a bhain le Dart+ Cósta Thuaidh agus Dart+ Thiar agus LoA Céim 1 (Dearadh Coincheapa) a bhain le Metrolink. Eisíodh 13 LoA breise freisin a bhain le hoibriú eatramhach nó seirbhíse bonneagair. Fuair an Lárionad Náisiúnta Rialaithe Traenach nua atá tábhachtach go straitéiseach LoA Céim 3 (Dearadh Mionsonraithe), mar a fuair an tionscadal córais comharthaíochta Leibhéal 1 ETCS a chlúdaíonn Brainse Bhinn Éadair, arb é go bunúsach an chuid tástála le haghaidh chur i bhfeidhm níos déanaí ar chonair Dhroichead Átha go dtí na Clocha Liatha. Rinneadh athnuachan ar dheimhniú sábháilteachta Gnóthas Iarnród Éireann in 2023.

Tá sé riachtanach go mbeadh ceadúnas bailí ag gach tiománaí traenach chun traein a oibriú ar an líonra. Déanann CRI an córas ceadúnaithe tiománaithe traenach a mhaoirsiú agus a fheidmiú agus in 2023, eisíodh 59 ceadúnas nua.

D'fhorbair CRI a chlár maoirseachta 2023 le raon gníomhaíochtaí atá deartha lena chinntiú go ndéantar measúnú ar phríomhghnéithe na gcóras bainistíochta sábháilteachta. Áiríodh leis an gcur chuige seo iniúchtaí, cigireachtaí, gníomhaíochtaí i ndiaidh tarluithe, cruinnithe feidhmíochta sábháilteachta agus obair leantach ar uiríll. Díritear méid na ngníomhaíochtaí seo ag brath ar phróifíl riosca na n-eintiteas a rialaimid. Tá ár gcur chuige iomlán bunaithe ar thacaíocht, comhairle, spreagadh agus nuair is gá, forfheidhmiú, agus leanann sé de bheith bunaithe orthu sin.

Críochnaíodh sé iniúchadh in 2023 agus cuireadh tús le ceithre iniúchadh eile freisin. Taifeadh na torthaí seo a leanas do chúig cinn de na hiniúchtaí a críochnaíodh; 12 mhion-neamhchomhlíonadh, agus bhí gá le gníomh i ndáil le 18 réimse.

In 2023 chuir CRI tús le 45 cigireacht san iomlán ar fud na n-eagraíochtaí iarnróid ar fad agus críochnaíodh 32 cigireacht. Bhain 10 gcinn díobh seo le cigireachtaí ar cuireadh tús leo in 2022 agus bhain an 22 eile le cigireachtaí ar cuireadh tús leo in 2023. D'aithin na cigireachtaí críochnaithe mór-neamhchomhlíonadh amháin agus cúig mhion-neamhchomhlíonadh. Bhí 23 chás eile ann inar theastaigh ó CRI go ndéanfaidh an t-aonán rialáilte beart, i réimsí ina bhféadfadh neamhchomhlíonadh teacht chun cinn mura ndéanfaí beart den sórt sin.

In 2023 ar dhá ócáid d'eisigh cigirí CRI treoir d'eagraíocht iarnróid le haghaidh Plean Feabhsúcháin, de réir alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, le haghaidh gníomhaíochta a bhain le riosca do shábháilteacht daoine, nó ar dóigh go mbeadh riosca ag baint léi. I ngach cás ina gceanglaítear ar na heintitis rialáilte bearta ceartaitheacha a dhéanamh déanann CRI monatóireacht ar chur i gcrích na mbeart sin.

Fuair CRI cúig thuarascáil imscrúdaithe ón Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (RAIU) in 2023. Bhí 47 moladh sábháilteachta san iomlán sna tuarascálacha sin. Díreann moltaí sábháilteachta chuig CRI mar an t-údarás atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, agus tá CRI tar éis iad a dhírú ar aird na heagraíochta iarnróid ábhartha nó comhlachta eile a bhfuil sé de cheangal orthu iad a chur chun feidhme.

D'ardaigh 41 uiríoll imní sábháilteachta maidir leis an earnáil iarnróid. Bhain ocht gcinn díobh seo le sábháilteacht an bhonneagair, bhain ocht gcinn le sábháilteacht an rothstoc, bhain 2 le sábháilteacht stáisiúin, agus bhain aon cheann déag le sábháilteacht oibríochtaí traenach. Bhain 12 uiríoll eile le sábháilteacht oibriú iarnróid. De bhreis orthu sin, fuarthas 16 iarratas eile ar fhaisnéis ó roinnt comhlachtaí/gníomhaireachtaí rialála. Déanann CRI gníomh maidir le gach uiríoll agus tugtar ardtosaíocht dóibh. ach

Ceanglaítear ar Eagraíochtaí Iarnróid a dtuarascálacha sábháilteachta bliantúla féin a chur faoi bhráid CRI gach bliain. Cuireadh gach tuarascáil a chlédaigh 2022 faoi bhráid CRI in 2023. Rinne CRI anailís ar na sonraí a fuarthas agus d'fhoilsigh sé a Thuarascáil Chomhnasctha ar Fheidhmíocht Sábháilteachta do 2022 ar a shuíomh gréasáin i mí na Nollag 2023. Tá na sonraí a bhaineann le sábháilteacht atá curtha ar fáil go dtí seo ag eagraíochtaí iarnróid do 2023 ar fáil sa tuarascáil bhliantúil seo. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, tiomsófar na sonraí seo leis na sonraí sábháilteachta iomlána do 2023 agus foilseofar iad níos déanaí i mbliana.

Lean feidhmíocht sábháilteachta fhoriomlán earnáil iarnróid throm na hÉireann de bheith dearfach ar an iomlán in 2023, i gcomparáid le Tuarascálacha Feidhmíochta Sábháilteachta na mblianta roimhe seo agus staitisticí Eorpacha.

Mar Chomhlacht Neamhspleách Monatóireachta do Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair (IMMAC) idir Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (IÉ-IM) agus an tAire Iompair, thuiriscigh CRI ar bhonn ráithiúil agus bliantúil ar na táscairí feidhmíochta laistigh den chonradh. Ní dhearna CRI aon mhainneachtain leanúnach torthaí a chomhlíonadh. Bhí CRI i gcaidreamh le gach páirtí sa chonradh mar chuid de thús an athbhreithnithe ar an gcéad IMMAC eile.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, rinneadh athbhreithniú ar na comhaontuithe maoirsithe agus seachadta feidhmíochta 2021-2024 idir CRI agus an Roinn Iompair (DoT) agus cloíodh leo. Tugadh comhaontuithe nua chun críche freisin le DoT do 2024 – 2026.

Ba é €2.793m an maoiniú foriomlán a theastaigh chun go bhféadfaidh CRI a fheidhmeanna a chomhlíonadh in 2023. Faigheann CRI an chuid is mó dá mhaoiniú bliantúil tríd an tobhach reachtúil a chuireann sé ar na heintitis atá faoi réir rialacháin. In 2023 ba é an tobhach a bhí riachtanach ná €1.58m. Méadaigh an tobhach foriomlán de thart ar 25% in 2023, ba é ba chúis leis seo go príomha ná costais foirne ardaithe agus leibhéal níos ísle cúlchistí a d'fhéadfadh CRI a fhritháireamh in aghaidh an tobhaigh i gcomparáid le 2022. Tháinig iarmhéid an mhaoinithe bhliantúil do 2023 trí dhá bhunfhoinse eile, Deontas i gCabhair ó DoT arbh ionann é agus €0.754m agus ar an dara dul síos, táillí sonracha bunaithe ar an reachtaíocht a fhéadfaidh CRI a ghearradh as aitheantas Comhlachta Ainmnithe, údarú Cábla-bhealaigh, agus ceadúnas tiomána traenach.

Chun a áirithiú go bhfuil tuiscint agus feacht iomlán aige ar fhorbairt leanúnach an chreata dhlíthiúil agus theicniúil Eorpaigh a rialaíonn oibriú an Ghréasáin Eorpaigh Iarnróid, bhí CRI ina rannpháirtithe gníomhacha i níos mó ná 50 cruinniú faoi chathaoirleacht an Choimisiúin Eorpaigh, DG-MOVE agus an Ghníomhaireacht Iarnróid (ERA). Ina theannta sin, le CRI ar aghaidh ag soláthar faisnéise ar nuashonrú an chreata reachtaigh do na heintitis rialaithe trína bpointe teagmhála ainmnithe.

Don chéad uair tar éis COVID, d'óstaigh CRI lá fóraim do pháirtithe leasmhara leis an earnáil iarnróid freisin. Bhí breis agus 100 duine i láthair le hionadaithe ó Iarnród Éireann, Transdev, Rhomberg Sersa Ireland, Northern Ireland Railways, Bonneagar Iompair Éireann, Cumann Caomhnaithe Iarnróid na hÉireann, DoT agus Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann. Dhírigh an lá ar Mheasúnú SMS, Faomhadh Bonneagair, Údarú Feithicle, agus Maoirseacht. Bhí an lá thar a bheith luachmhar mar fhilleadh ar chruinnithe duine le duine agus thug sé deis don earnáil líonrú agus taithí a roinnt.

Leanann CRI ag cinntiú go gcomhlíonann sé ceanglas an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá an Tuarascáil Chuimsitheach don Aire, a éilítear leis an gCód Cleachtais, san áireamh i Roinn 10 den tuarascáil bhliantúil seo agus clúdaíonn sí dualgais nua comhlachtaí poiblí i bhfeidhm in 2023.

Tá cead ag CRI do 17 mball foirne agus ag deireadh 2023, tar éis scoir amháin agus éirí as oifig amháin, tá líon foirne 15 ag CRI faoi láthair. Déanfar earcaíocht in 2024.

Is díol suntais é, i mí na Nollag 2023, gur shainigh an Rialtas CRI mar an tÚdarás Inniúil faoi Threoir an AE maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise – Treoir NIS 2 um Iompar – Iarnród. Is réimse nua freagrachta reachtaíochta é seo, agus is eol do CRI go bhfuil dús slán os a chomhair inniúlachtaí nua a fhorbairt chun an ról seo a ghlacadh.

Leanfaimid le fócas láidir a bheith againn lena chinntiú go bhfeidhmíonn CRI go héifeachtúil agus go hinniúil. Leanfaimid ag obair leis an earnáil agus le geallsealbhóirí, chun iompar iarnróid sábháilte agus inbhuanaithe a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais ár sochaí.

Admhaím gairmiúlacht agus tiomantas leanúnach fhoireann an Choimisiúin a chuireann ar chumas CRI ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Gabhaim buíochas le gach ball d'fhoireann CRI agus admhaím a dtiomantas leanúnach aonair, agus a n-obair chrua i rith na bliana.

Brian Higginson
Coimisinéir

STRUCHTÚR AGUS RÓL NA HEAGRAÍOCHTA



Foireann bainistíochta agus struchtúr na heagraíochta



Brian Higginson
Coimisinéir

Príomhchigire
Údarú le Cur i mbun
Seirbhíse agus Measúnú
ar Chomhréireacht

Príomhchigire
Maoirseacht ar
Chomhionadh agus
Forfheidhmiú

Ceannaire Rialachais
Chorparáidigh agus Rialáta

Eanáir – Meitheamh 2023



Mary Molloy



Anthony Byrne



Caitriona Keenahan

Athruithe ar ról in 2023



Anthony Byrne



Emmett Davis



Caitriona Keenahan

Cigire

Cigire

Andoifigeach Feidhmiúcháin

Cigire

Cigire

Oifigeach Feidhmiúcháin

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Cigire

Ról an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid (CRI)

Bunaíodh CRI ar an 1 Eanáir 2006 faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (RSA) 2005. Tá forbheathnú ar fheidhmeanna reatha CRI agus an creat reachtach atá mar bhonn agus thaca acu tugtha thíos.

Baineann príomhréimsí freagrachta CRI faoin reachtaíocht le hiarnród trom, iarnród éadrom, agus cábla-bhealaí. Tagraíonn iarnród trom do líonra Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann agus do na Gnóthais Iarnróid a oibríonn air. Déantar iarnróid throma a rialú trí Acht 2005 agus trí reachtaíocht an AE araon. Tagraíonn iarnród éadrom do Chóras Iarnróid Éadrom Bhaile Átha Cliath (LUAS) agus rialaítear é trí Acht 2005. Rialaítear cábla-bhealaí trí reachtaíocht AE trasuite.

Ina theannta sin, tá ról ag CRI maidir le hiarnróid oidhreachta agus le déanaí, velorail.

Faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 tá trí phríomhfheidhm ag CRI, (a) sábháilteacht iarnróid a chothú agus a spreagadh, (b) an tAcht seo agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a fhorfheidhmiú, agus (c) tionóiscí agus teagmhais iarnróid a imscrúdú agus a thuairisciú d'fhonn comhlíonadh le córais bainistíochta sábháilteachta agus spriocanna sábháilteachta a chinneadh.

Iarnród trom agus éadrom

An Coimisiún

Leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid Uimh. 31 de 2005 (arna leasú) bunaíodh an Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid (CRI anois). Thug an tAcht trí phríomhfheidhm, mar atá léirithe thuas, maidir le córais iarnróid agus na cumhachtaí chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh lena n-áirítear úsáid maoirseachta agus forghníomhaithe. Is iad príomhchúraimí CRI: (1) measúnú agus deimhniú ar chórais bhainistíochta sábháilteachta na n-eagraíochtaí iarnróid; (2) faomhadh a dhéanamh ar bhonneagar iarnróid agus rothstoc atá nua/modhnaithe go suntasach; agus (3) maoirseacht leanúnach ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht chórais bhainistíochta sábháilteachta na n-eagraíochtaí iarnróid.

Maidir le cúraimí 1 agus 2 thuas i réimse an iarnróid throm, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an chuid is mó de na formheasanna/údaruithe clúdaithe ag reachtaíocht Eorpach (féach thíos). I dtaca le hiarnród éadrom déanann CRI measúnú ar chórais bhainistíochta sábháilteachta agus formheasann sé bonneagar agus rothstoc nua de réir na reachtaíochta náisiúnta, is é sin an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005.

Iarnród trom

An tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta (NSA)

Le IR 476 Rialacháin an AE (Sábháilteacht Iarnróid) 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (An Treoir um Shábháilteacht Iarnróid) agus faoi seo bunaítear CRI mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta sa Stát. Tá sé seo chun críche comhlíonadh na Treorach agus na Rialachán gaolmhar a chinntiú, lena n-áirítear deimhniú agus údarú sábháilteachta, cothabháil feithiclí, maoirseacht agus forfheidhmiú.

Le IR 477 Rialacháin AE (Idir-inoibritheacht an Chórais Iarnróid) 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (An Treoir maidir le hIdir-inoibritheacht) agus faoi seo bunaítear CRI mar an ÚNS atá inniúil ar an gcóras iarnróid sa Stát chun críocha na Treorach agus na Rialachán seo lena n-áirítear cur chun feidhme ceart na Sonraíochta Teicniúla le haghaidh Idir-inoibritheachta (TSI), a ndearnadh nuashonrú ar líon suntasach díobh in 2023, comhábhair idir-inoibritheachta agus fochóras soghluaiste a chur ar an margadh, údarú chun suiteálacha seasta a chur i mbun seirbhíse, cothabháil an chláir náisiúnta feithiclí, agus maoirseacht agus forghníomhú.

Comhlachtaí deimhnithe d'Eintitis atá i bhfeighil Cothabhála (ECM)

Le IR 476 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (An Treoir um Shábháilteacht Iarnróid) agus leagtar amch ann freisin an creat dlíthiúil le haghaidh ECManna. Tugtar na hEintitis atá i bhfeighil Cothabhála (ECManna) ar dhaoine nó eagraíochtaí atá freagrach as cothabháil shábháilte feithiclí iarnróid ar an ngréasán iarnróid throm.

Leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/779 na forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin do ECManna de bhun Threoir (AE) 2016/798. Féadfaidh comhlacht creidiúnaithe nó aitheanta nó an NSA deimhniú ECM a dhéanamh.

Comhlacht rialála

Tugann IR 249 Rialacháin an AE (Iarnróid a Rialáil) 2015 (arna leasú le IR 398 2020) éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú ag AE 2016/2370 maidir le limistéar iarnróid Eorpach aonair. Bhunaigh sé seo CRI mar chomhlacht rialála chun críche achomharc nó gearán a bhaineann le cumas bonneagair, táillí rochtana, an ráiteas líonra agus monatóireacht ar iomaíocht.

Comhlacht neamhspleách monatóireachta

Bhunaigh an creat reachtach d'fheidhm an Chomhlachta Rialála thuas CRI freisin mar Chomhlacht Neamhspleách Monatóireachta chun críche monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhaontú conarthach idir Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann agus an tAire, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhainisteora Bonneagair, eadráin i gcás díospóide, faomhadh an chórais monatóireachta feidhmíochta, agus tuairisc a thabhairt don Aire ar a mhonatóireacht ar fheidhmíocht.

Údarás ceadúnúcháin

Leis an gcreat reachtach d'fheidhm an Chomhlachta Rialála thuas freisin bunaíodh CRI mar an t-údarás ceadúnaithe chun críche iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus chun ceadúnais a eisiúint do ghnóthais iarnróid.

Údarás inniúil

Le IR 399 Rialacháin an AE (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010 tugtar éifeacht do Threoir 2007/59/CE ón gComhairle maidir le deimhniú tiománaithe traenach a oibríonn innill traenacha agus traenacha ar an gcóras iarnróid sa Chomhphobal. Bhunaigh sé CRI mar an t-údarás inniúil chun críocha measúnú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais agus eisiúint ceadúnas chun tiománaithe, agus aitheantas d'ionaid oiliúna agus scrúduithe tiománaithe traenach.

Le IR 651 Rialacháin CE (Earraí Contúirteacha a Iompar ar Iarnród) 2010 (arna leasú) tugtar éifeacht do Threoir 2008/68/CE ón gComhairle (arna leasú) maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha. Bhunaigh sé CRI mar an t-údarás inniúil chun críocha a áirithiú go gcomhlíonfar na Rialachán maidir le hlompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID).

I mí na Nollag 2023 d'ainmnigh an Rialtas CRI mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta um Iompar – Iarnród faoi Threoir (AE) 2016/1148, maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann slándála de chórais líonra agus faisnéise ar fud an Aontais, an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS2). Tá an reachtaíocht ábhartha a dheimhníonn na feidhmeanna agus chun é seo a chur i bhfeidhm á dréachtú faoi láthair.

Comhlacht aitheantais

Tugann IR 477 2020 éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (An Treoir maidir le hIdir-inoibritheacht) agus faoi seo bunaítear CRI mar an eagraíocht atá freagrach as aithint Chomhlachtaí Ainmnithe (DeBo) sa Stát. Déanann DeBo measúnú comhréireachta maidir le comhlíonadh bonneagair agus rothstoc nua i gcoinne na Rialacha Náisiúnta (NR).

Cábla-bhealaí

Comhlacht údaraithe

Le IR 543 Rialacháin an AE (Suiteálacha Cábala-bhealaigh) 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábala-bhealaigh agus bunaíodh CRI mar an comhlacht sa Stát chun údarú a thabhairt do thógáil agus cur i mbun seirbhíse suiteálacha cábala-bhealaigh nó chun iad a mhodhnú.

An túdarás um fhaireachas margaidh

Le IR 543 Rialacháin an AE (Suiteálacha Cábala-bhealaigh) 2020 freisin tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus bunaíodh CRI mar an t-údarás um fhaireachas margaidh le haghaidh fochórais agus comhphárteanna cábala-bhealaigh.

Aonáin iarnróid faoi réir rialacháin

Bhí na heintitis seo a leanas faoi réir rialacháin ag CRI in 2023:

- Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair (IÉ-IM)
- Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid (IÉ-RU)
- Transdev (oibreoir LUAS) – Eagraíocht Iarnróid
- Rhomberg Sersa Ireland Limited (RSIE) – Gnóthas Iarnróid
- Northern Ireland Railways (NIR) Translink – Gnóthas Iarnróid
- Bonneagar Iompair Éireann (TII) – Eagraíocht Iarnróid
- Bord na Móna (BNM) – Iarnród Tionsclaíoch
- Iarnróid Oidhreachta. (Seacht gcinn ag feidhmiú, Aguisín E)
- IRD Kiltimagh CLG – Kiltimagh Velorail.

Turais paisinéirí

In 2023 tháinig méadú seasta suntasach ar líon na bpaisinéirí, sa chaoi is go bhfuil siad beagnach ar ais go dtí na leibhéil roimh COVID d'Iarnród Éireann ag 46.07 milliún turas paisinéara, agus sháraigh Transdev an leibhéal roimhe sin le 48.2 milliún turas paisinéara i rith na bliana.

STRAITÉIS AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL IARNRÓID



Tá séú Ráiteas Straitéise CRI (2021 – 2024) faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 in 2021 imithe isteach ina bhliain deiridh.

Sa chreat ama don Straitéis seo, tá dul chun cinn gníomhach déanta ar ghníomhartha chun na cinní beartais a dhéanann an Rialtas a thiomáint, amhail na cinn a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le hastuithe carbóin laghdaithe. Tá forbairt an chórais iompair iarnróid, ag aithint an ról tábhachtach atá aige i gcáilíocht na beatha, i ngníomhaíocht eacnamaíoch, agus sa chomhshaol, dúshlánach ach is léir go bhfuil tábhacht leis.

Straitéis 2021-2024

Misean

Tá CRI tiomanta do shábháilteacht iarnróid a chur chun cinn, trí rialáil éifeachtach, agus trí fheabhsú leanúnach ar bhainistiú sábháilteachta eagraíochtaí iarnróid a chothú agus a spreagadh. Molann sé rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ar fad i bhforbairt bhreise ar earnáil iarnróid na hÉireann ionas gur modh sábháilte agus éifeachtach iompair é a théann chun sochair ár sochaí.

Fís

Iarnróid atá sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthraíonn iompar éifeachtach agus áisiúil don tsochaí.

Luachanna

– **Ionracas**

Tá misneach morálta againn, táimid macánta agus freagrach inár gcur chuige

– **Meas**

Tá meas againn ar a chéile agus ar ár bpáirtithe leasmhara

– **Neamhspleáchas**

Tá ár gcinnteoireacht trédhearcach agus saor ó chlaontacht agus tionchar

– **Barr feabhais**

Táimid dúthrechtach, gairmiúil agus déanaimid ár ndícheall feabhsú leanúnach a bhaint amach.

Tosaíochtaí straitéiseacha

Tosaíocht: sábháilteacht iarnróid

Feabhsú leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta eagraíochtaí iarnróid a rialáil agus a chur chun cinn.

Tosaíocht: rialachán iarnróid

Rialáil agus faireachán éifeachtach ar an mBainisteoir Bonneagair maidir lena mhaoiniú agus caiteachas ar bhainistiú sócmhainní agus rochtain ar an ngréasán.

Tosaíocht: tacaíocht don rialtas

Tacú le tionscnaimh bheartais iompair phoiblí an rialtais atá dírithe ar riachtanais na sochaí trína chinntiú go gcuirtear chun feidhme iad go sábháilte trí rialáil éifeachtach agus éifeachtúil.

Tosaíocht: cumarsáid le páirtithe leasmhara

Feasacht agus tuiscint a chur chun cinn ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí sa reachtaíocht agus sa treoir iarnróid náisiúnta agus Eorpach.

Tosaíocht: ár neagraíocht

A bheith mar eagraíocht ardfheidhmíochta a sheachadann cáilíocht agus luach sa mhéid a dhéanaimid.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE AGUS MEASÚNACHT AR CHOMH- FHOIRMEACHT



Údarú le Cur i mbun Seirbhíse (APIS)

Go hiondúil bíonn 'Údarú le Cur i mbun Seirbhíse' (APIS) de dhíth ar Eagraíochtaí Iarnróid agus iad ag iarraidh suiteálacha seasta nua a chur i mbun seirbhíse nó a oibriú mar bhonneagar m.sh. droichead nó stáisiún nua. Mar an gcéanna, tá gá le hÚdarú (VA) nuair is mian le heagraíocht iarnróid feithiclí nua (traenacha) a thabhairt isteach i mbun seirbhíse. D'fhéadfadh go mbeadh APIS de dhíth freisin le haghaidh uasghráduithe suntasacha nó sócmhainní athnuaite.

Tá an riachtanas don CRI Údarú le Chur i mbun Seirbhíse a dhéanamh ar chórais iarnróid bunaithe ar Reachtaíocht Eorpach (AE) agus Náisiúnta. Is iad príomhcheanglais dhlí an AE:

- Treoir Idir-inoibritheachta (AE) 2016/797; agus
- An Treoir Sábháilteachta Iarnróid (AE) 2016/798.

Tacaíonn neart ionstraimí dlí eile leo sin amhail Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir le húdarú feithiclí agus an modh comhchoiteann sábháilteachta le haghaidh meastóireachta agus measúnaithe riosca EU/402/2013.

Déantar ceanglais náisiúnta a rialú ag an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú. Tá feidhm ag ceanglais AE agus náisiúnta maidir leis an gcóras iarnróid throm ach ní bhaineann ach ceanglais náisiúnta le córas iarnróid éadroim LUAS, córais oidhreachta, iarnróid thionsclaíocha agus córais Velorail.

Tá roinnt treoirlínte curtha le chéile ag CRI chun cabhrú le heagraíochtaí iarnróid agus iad ag déanamh iarratais a mhíniú cad a theastaíonn agus conas ba cheart é a chur i láthair. Is iad na príomhdhoiciméid treorach CRI maidir le gníomhaíochtaí APIS & VA:

- CRR-G-009 i leith feidhmeanna iarnród trom; agus
- CRR-G-032 maidir le hiarratais iarnród éadrom.

Tógann sé roinnt blianta sula gcuirtear formhór na dtionscadal iarnróid i bhfeidhm. De réir mar a thagann tionscadail chun cinn, ní mór d'eagraíochtaí iarnróid iarratais a chur isteach lena gceadú. Tá próiseas 6-chéim ag CRI le leanúint d'eagraíochtaí iarnróid, agus iad ar an eolas faoi threoir dea-chleachtais amhail caighdeán EN 50126 – feidhmeanna iarnróid – sonraíocht agus léiriú iontaofachta, infhaighteachta, inchothaitheachta agus sábháilteachta. Is iad na 6 chéim de chonair cheadaithe tionscadail:

Céim 1

Coincheap

Céim 2

Réamhdhearadh

Céim 3

Dearadh Mionsonraithe

Céim 4

Tástáil

Céim 5

Oibriú Eatramhach

Céim 6

Oibriú Seirbhíse

Ní gá tús a chur le gach tionscadal ag céim an choincheapa, mar shampla is gnách go gcuireann droichid nua nó stáisiúin shimplí tús leis an bpróiseas trí chomhiarratas Céim 1-3 a chur isteach. Os a choinne sin, áirítear le tionscadail chasta ar nós DART+ nó gnéithe de Thionscadal Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí (CACR) iarratais 'céim an choincheapa'.

Tar éis athbheithniú a dhéanamh ar iarratas ar APIS agus ar an gcoinníoll go bhfuil an t-iarratas iomlán agus bailí eiseoidh CRI litir ghlactha don iarratas sin. In 2023 eisíodh dhá litir ghlactha is caoga (49 – Bonneagar/Comharthaíocht, 3 Rothstoc) mar chuid den phróiseas APIS. Tá liosta iomlán na litreacha ghlactha, de réir tionscadail, a d'eisigh CRI in 2023 ar fáil in Aguisín A agus tá sonraí breise ar shampla díobh seo ar fáil thíos. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh síneadh a bheith tugtha do thionscadal ar a litir ghlactha i gcásanna áirithe toisc nach raibh gnéithe (de ghnáth doiciméadú) ar fáil faoi na dátaí seachadta a bhfuiltear ag súil leo. Dá bhrí sin, ní liostaítear gach litir ghlactha ar leith.

APIS – Bonneagar

Clár DART+

Cuimsíonn Clár DART+ sraith tionscadal a fheabhsóidh an gréasán iarnróid do Bhaile Átha Cliath, ag leathnú an líonra comaitéara leictirthe iarnróid throm ón c.50km atá ann faoi láthair go c.150km. Leagtar amach anseo a leanas stádas APIS gach tionscadail amhail an 31 Nollaig 2023.

- Is éard atá i gceist le DART+ Cósta Thuaidh ná síneadh an leictirthe ó Mhullach Íde go Droichead Átha. Tar éis iarratas ó IÉ, eisíodh litir ghlactha Céim 2 – Réamhdhearadh i mí an Mhárta 2023 maidir leis an mbonneagar luchtaithe gaolmhar do thraenacha leictirigh ceallraí i nDroichead Átha.
- Is éard atá i gceist le DART+ Cósta Theas ná uasghrádú ar an líne leictirthe idir Baile Átha Cliath Connolly agus na Clocha Liatha. Mar a cuireadh in iúl roimhe seo inár dtuarascáil 2022 áireofar leis an uasghrádú seo fáil réidh le crosairí comhréidhe atá ann cheana féin, aghaidh a thabhairt ar shrianta chun tacú le minicíocht mhéadaithe traenach agus saoráidí tiontaithe breise. Eisíodh litir ghlactha Céim 1 – Coincheap i Márta 2022.
- Clúdaíonn DART+ Thiar an líne go Maigh Nuad agus cuimsíonn sé feabhsuithe i lár na cathrach, suiteálacha nua leictriúcháin agus athchomharthaíochta agus uasghráduithe bonneagair eile. Tar éis iarratas ó IÉ, eisíodh litir ghlactha Céim 2 – Réamhdhearadh i mBealtaine 2023.
- Clúdaíonn DART+ an Iardheisceart leictriú na líne idir Heuston agus Collchoill agus Heuston go Glas Naíon áit a mbeidh stáisiún idirmhalartaithe le Metrolink. Tar éis iarratas ó IÉ, eisíodh litir ghlactha Céim 1 – Coincheap maidir le dearadh i mBealtaine 2021.

Metrolink

Is é atá i dTionscadal Metrolink ná an fhorbairt bheartaithe ar sheirbhís iarnróid uirbeach ag oibriú idir Sord i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus Charlemont, díreach ó dheas de lár chathair Bhaile Átha Cliath. Nascfaidh sé le hAerfort Bhaile Átha Cliath, Iarnród Éireann, stáisiún DART agus LUAS agus modhanna eile iompair. Soláthróidh Metrolink seirbhís iompair phoiblí leithscartha, ardluais, ardoillte, ardmhnicíochta, nua-aimseartha agus éifeachtach do dhaoine a bheidh ag taisteal feadh chonair Shoird/Aerfoirt go Lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath. Tar éis iarratas ó Bhonneagar Iompar Éireann (TII), eisíodh litir ghlactha maidir le dearadh coincheapa Céim 1 i mí Aibreáin 2023.

Droichid/ardáin/stáisiúin

In 2023 d'eisigh CRI ocht litir ghlactha (Céim 3 – Dearadh Mionsonraithe) chuig IÉ-IM maidir le hiarratais nua ar údarú do thionscadail droichid, ardáin agus stáisiúin. Is iad na tionscadail seo:

- Cothabháil, deisiúcháin agus athchóiriú ar aghaidh Stáisiún na Ciseoige
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Bhántíre OBT20B
- Tardhroichead nua do choisithe/rothaíocht i nDomhnach Bat, OBB32B
- Stáisiún nua le trasdhroichead coisithe ag Sruthán na Coille ar Acomhal Sheangánach go dtí Líne Loch Garman
- Athfhorbairt ar Phacáiste Oibre Stáisiún Cheannt na Gaillimhe 1.0
- Tardhroichead bóthair nua ag an gCurrach Corr ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Ros Láir OBR419A
- Tardhroichead nua do choisithe/rothair ag Droichead Saunders, an Muileann gCearr
- Tardhroichead coisithe athsholáthair ag an gCláirín ar an líne idir Port Láirge agus Luimneach.

Ina theannta sin, d'eisigh CRI litreacha glactha do Chéim 5 – 'Oibríocht Eatramhach' do na tionscadail níos forbartha seo a leanas:

- Tardhroichead nua do choisithe nua ag Stáisiún Bhaile Mhic Gormáin OBB66A
- Stáisiún nua le trasdhroichead coisithe ag Baile Pheiléid ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Maigh Nuad
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Cheatharlach OBW65A
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Dheilginse OBR111A
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Mheathas Troim OBS430A
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún na hInse OBE73E
- Tardhroichead bóthair nua ar an líne ó Bhaile Átha Cliath go Port Láirge OBW39A
- Ardán nua le trasdhroichead coisithe ag Stáisiún Acomhal Luimnigh.

Ar deireadh, d'eisigh CRI litreacha glactha do Chéim 6 – 'Oibriú Seirbhíse' do na tionscadail chríochnaithe seo a leanas:

- Tardhroichead bóthair nua ar an líne ó Bhaile Átha Luain go Cathair na Mart OBM779D
- Tardhroichead bóthair nua ar an líne ó Bhaile Átha Luain go Cathair na Mart OBM782M
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún Mheathas Troim OBS430A
- Tardhroichead bóthair nua ar an líne ó Bhaile Átha Cliath go Port Láirge OBW39A
- Tardhroichead nua do choisithe ag Stáisiún na hInse OBE73E.

Lárionad Náisiúnta Rialaithe Traenach

Síneann oibríochtaí Iarnród Éireann go breis agus 2,400 km de rian ag oibriú thart ar 750 traenacha paisinéirí in aghaidh an lae agus ag iompar c. 46.07 milliún paisinéir in aghaidh na bliana. Is é an bainistiú ar thart ar 70% de na gluaiseachtaí traenach seo an obair atá ag foireann de ghairmithe iarnróid atá ag obair sa Lárionad Rialaithe Tráchna (CTC) ag Stáisiún Uí Chonghaile. Le blianta beaga anuas, tá roinnt athruithe tagtha ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun gluaiseachtaí traenacha a rialú, rud a chuir ar chumas na foirne Rialaithe Traenach réimsí níos mó den líonra a bhainistiú. Mar sin féin, tá pointe sroichte ag oibríochtaí ag CTC ina bhfuil an foirgneamh agus na córais ag barr a gcumas oibriúcháin, agus ní thacaíonn siad leis an gcéad leibhéal infheistíochta eile.

Le tacaíocht an rialtais, tá Lárionad Náisiúnta Rialaithe Traenach (NTCC) nua tógtha ag IÉ ag Stáisiún Heuston agus tá infheistíocht déanta aige i gCóras Bainistíochta Tráchna (TMS) nua-aimseartha, modúlach, lán-chomhtháite, a bhfuil an cumas aige ar deireadh athrialú a dhéanamh ar an gcomharthaíocht uile atá ann faoi láthair ar líonra IÉ, agus a bheith inscálaithe chun ligean do thionscadail athchomharthaíochta amach anseo a bheith faoi smacht an NTCC.

Mar thoradh ar iarratas ó Iarnród Éireann, eisíodh litir ghlactha Céim 3 – Miondearadh i mí na Nollag 2023 le haghaidh na coda den tionscadal a bhaineann le Dearadh Córais NTCC.

APIS – Comharthaíocht agus Teileachumarsáid

Córas Domhanda Iarnród Éireann um Chumarsáid Shoghluaiste – Iarnród (GSM-R)

Tá leibhéal ard iontaofachta ag teastáil ón tionscal iarnróid maidir le cumarsáid idir tiománaithe traenach agus rialtóirí traenach i bhfianaise na gcúraimí atá á gcur i gcrích acu atá ríthábhachtach ó thaobh na sábháilteachta de. Tá an tionscadal seo ríthábhachtach chun a chinntiú go n-éascaítear é seo. Áirítear sa tionscadal athsholáthar ar an gcóras raidió analógach reatha a úsáidtear chun cumarsáid dhíreach a sholáthar idir tiománaithe traenach agus lucht rialaithe comharthaíochta le GSM-R atá mar ghnáthchaighdeán an tionscail faoi láthair. Ceadáíodh Céim 1 a chlúdaíonn an flít DART agus bonneagar DART in 2019.

Clúdaíonn suiteálacha seasta Chéim 2 (taobh an riain) an líne Thuaidh, líne Shligigh, líne Ros Láir agus mórcheantar Bhaile Átha Cliath. I mí Feabhra 2022 d'eisigh CRI litir ghlactha do Chéim 4 – Tástáil le haghaidh suiteálacha seasta don chéim seo agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an aighneacht is déanaí ó IÉ-IM d'eisigh CRI litir ghlactha do Chéim 5 – Oibriú Eatramhach don tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Córas Cosanta Traenach Iarnród Éireann (TPS) – Taobh an Riain ETCS Leibhéal 1 (Aicme A)

In 2022 chinn IÉ-IM gurbh é suiteáil córas comharthaíochta cineálach Eorpach ETCS Leibhéal 1 (Aicme A) an réiteach ab fhearr don chóras comharthaíochta líonra sa todhchaí. Le linn 2023 d'ullmhaigh foireann tionscadail TPS dearáí mionsonraithe, rinne siad oibreacha cumasúcháin, rinne said tástálacha innealtóireachta le fócas ar leith ar:

- Comhtháthú an réitigh dearaidh leis an ngréasán iarnróid atá ann cheana
- An réiteach dearaidh sin a mhionchoigeartú. Bainfear é seo amach trí threalamh ETCS Leibhéal 1 a shuiteáil ar Chraobh Bhinn Éadair mar chuid bheag ach ionadaíoch den líonra
- Dearáí mionsonraithe a fhorbairt don rian ó na Clocha Liatha trí Bhaile Átha Cliath, Droichead Átha, Dún Dealgan agus ar aghaidh go dtí an pointe Teorann le gréasán iarnróid Thuaisceart Éireann.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar aighneacht is déanaí an IÉ-IM, d'eisigh CRI litir ghlachta do Chéim 3 don chéim DG1 den tionscadal a chlúdaíonn Brainse Bhinn Éadair i mí na Nollag 2023.

Faoin Treoir Idir-inoibritheachta (AE) 2016/797 ní mór d'fhormhór na dtionscadal iarnróid, amhail córas nua comharthaíochta a thabhairt isteach, Sonraíochtaí Teicniúla le haghaidh Idir-inoibritheachta (STIanna) a chomhlíonadh. Sainíonn na STIanna seo na caighdeáin theicniúla agus oibríochtúla nach mór do gach fochóras a chomhlíonadh, m.sh. fochóras bonneagair nó fochóras fuinnimh nó cuid d'fhochóras d'fhonn na buncheanglais a chomhlíonadh agus d'fhonn idir-inoibritheacht chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

Mar sin féin, faoi Airteagal 7 den Treoir Idir-inoibritheachta féadfaidh na Ballstáit a cheadú d'iaratasóir (Eagraíocht Iarnróid nó eagraíocht eile) gan STI amháin nó níos mó nó cuid díobh a chur i bhfeidhm i líon beag cásanna.

I mí an Mheithimh 2023, mar chuid den tionscadal seo, fuair CRI iartras ó Iarnród Éireann maidir le neamhfheidhmiú na gceanglas STI a bhaineann le tástáil le dhá chóras ar bord. Bhain an t-iartras 'neamhfheidhmeach' seo go sonrach le: "Úsáid dhá Fhochóras Rialaithe-Ordú agus Comharthaíochta Ar Bord deimhnithe ó sholáthraithe éagsúla chun na cásanna tástála oibríochtúla a bhailíochtú," mar a cheanglaítear le Mír 6 de tábla 6.3 'Ceanglais um measúnú comhréireachta do Fhochóras Cois Riain'.

Rinne CRI, mar ionadaí don Bhallstát, athbhreithniú ar an aighneacht seo, ag cinntiú go raibh údar maith ann don iarraidh, agus ag sonrú na bhforálacha malartacha a chuirfí i bhfeidhm. Rinne CRI aighneacht ina dhiaidh sin chuig an gCoimisiún Eorpach faoi seo agus táthar ag fanacht le cinneadh tráth scríofa na tuarascála seo.

Scéimeanna infheistíochta comharthaíochta Géisille agus Phort Laoise

Don dá scéim thug CRI APIS do Chéim 5 – oibríocht eatramhach – d'IÉ-IM a chlúdaigh athnuachan an chórais idirghlasála agus braite traenach ag Géisill ar bhrairse Bhaile Átha Luain agus Port Laoise in 2023.

Agus an tsuiteáil críochnaithe, cuireadh an tástáil agus an coimisiúniú chun críche go rathúil. Leanann tréimhse oibríochta eatramhach anois, rud a ligeann don fhoireann tionscadail na gcáipéisí teicniúla go léir a chur i gcrích, atá riachtanach chun iartras a dhéanamh ar oibríocht bhuan (iomlán) a bhaint amach.

APIS – Rothstoc

Iarnród Éireann – aonaid díosail idirchathrach iolracha aicme 22000 (ICDMU) breise

Chuaigh flít Idirchathrach DMU i mbun seirbhíse idir 2007 agus 2012. In 2019 rinne IÉ-RU comhaontú le Hyundai-Rotem chun 41 feithicil idirmheánach breise ar a dtugtar na carranna 'B2' a sholáthar le foráil chun é seo a leathnú go dtí 101 feithicil faoi 2026. Tógadh na carranna reatha seo de réir Cóid UIC, caighdeán grúpa iarnróid agus caighdeán Eorpacha ach níor rinneadh iad a nheas i gcoinne riachtanais TSI.

Tá na carranna B2 bunaithe ar dhearadh an chairr B1 atá ann faoi láthair agus tá siad á n-oiriúnú chun athruithe innealtóireachta riachtanacha a chur san áireamh mar gheall ar oibleagáidí dlíthiúla maidir le hastuithe sceite agus roghanna oiriúnacha eile a sholáthar do threalamh agus ábhar atá as feidhm nó nach bhfuil ar fáil. Déanfar modhnuithe inmheánacha freisin chun líon féideartha na bpaisinéirí a mhéadú.

I mí Lúnasa 2023, mar chuid den tionscadal seo, fuair CRI iarratas ó Iarnród Éireann maidir le neamhfheidhmiú líon beag riachtanas STI i dtaca le PRM (Daoine ar a bhfuil Soghluaisteacht Laghdaithe).

Rinne CRI athbhreithniú ar an aighneacht seo ag cinntiú go raibh dóthain údar maith leis an iarratas, agus sonraíodh na forálacha eile a chuirfí i bhfeidhm. Rinne CRI aighneacht chuig an gCoimisiún Eorpach agus táthar ag fanacht le cinneadh tráth scríofa na tuarascála seo.

Mar a cuireadh in iúl inár dtuarascáil bhliantúil do 2022, d'eisigh CRI litir ghlactha do Chéim 3 – Dearadh Mionsonraithe chuig IÉ-RU i mí Lúnasa 2022. Leanadh den obair agus tá tús curtha ag IÉ-RU le feithicilí nua a ghlacadh. Rinne Iarnród Éireann iarratas ar Údarú Feithicle trí Ionad Ilfhreastail (OSS) an ERA i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus táthar ag súil go n-údarófar an chéim seo i R1 de 2024.

DART Nua (Flíteanna EMU/BEMU)

In 2021 chuir IÉ-RU agus Alstom creat-chomhaontú i gcrích a cheadaigh suas le 750 feithicil (aonad) nua DART a ordú thar thréimhse deich mbliana. Cuireadh ordú tosaigh le haghaidh 95 feithicil comhdhéanta de shé shraith de thraenacha leictreacha cúig charr agus trí shraith déag de thraenacha ceallraí-leictreacha cúig charr. I mí na Nollag 2022 cuireadh ordú breise isteach le haghaidh ocht sraith déag breise de thraenacha ceallraí-leictreacha cúig charr, rud a thug an t-ordú reatha go dtí 185 feithicil san iomlán.

Mar a cuireadh in iúl inár dtuarascáil do 2022 is í an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA) an t-eintiteas údaraithe don rothstoc nua seo. Cuireadh tús le réamh-rannpháirtíocht tríd an OSS i bhFeabhra 2023 agus tugadh chun críche é i Meitheamh 2023. Le linn an ama sin chuir CRI measúnú ar fáil maidir le 'limistéar úsáide' feithicilí.

Iarnróid oidhreachta

Ciallaíonn iarnród oidhreachta duine nó eagraíocht nach n-oibríonn ach seirbhísí traenach nó bonneagar iarnróid a mbaineann spéis staire nó turasóireachta leo. Tá roinnt iarnród oidhreachta ag feidhmiú laistigh den stát ó Iarnród Bhaile na Finne agus iarnród Loch Diffin sa tuaisceart go dtí Iarnród Lartigue Lios Tuathail agus Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire sa deisceart. Tá liosta iomlán ar fáil in Aguisín E.

Bhí caidreamh éigin le hIarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire maidir le hoibreacha nua beartaithe, ach ní bhfuarthas aon iarratas ó aon iarnród oidhreachta in 2023.

Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta ceadaithe ag na hiarnróid oidhreachta sin go léir atá ag feidhmiú agus beidh gá le hathdheimhniú ar roinnt díobh seo in 2024.

VeloRail

Is gníomhaíocht fóillíochta agus fóillíochta allamuigh é VeloRail (nó Rothaíocht Iarnróid) atá réasúnta nua in Éirinn. Is éard atá ann cairteacha paisinéirí faoi thiomáint troitheán (rothair iarnróid) a thaistealaíonn feadh líne iarnróid. Mar gheall ar nádúr na rothar iarnróid agus an bhonneagair ghaolmhar, tagann siad faoi na sainmhínte faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus mar sin faoi raon feidhme CRI maidir le glacadh leo.

Tá sraith treoirilínte ag CRI, atá ar fáil chun cabhrú leo siúd atá ag iarraidh áis Velorail a oscailt. Clúdaíonn siad sin SMS a fhorbairt, bonneagar nua a thabhairt i bhfeidhm agus rothair iarnróid a thabhairt i bhfeidhm.

Faoi láthair tá córas VeloRail amháin ag feidhmiú i gCoillte Mach, Co. Mhaigh Eo. D'eisigh CRI an deimhniú bainistíochta sábháilteachta don velorail seo i mí an Mhárta 2023. Tá an dara scéim á forbairt ag Bord na Móna atá ag féachaint le háis Velorail a fhorbairt ag páirc fionnachtana Loch na Buaráí i gCo. Uíbh Fhailí.

Caighdeáin Iarnróid na hÉireann (IRSanna)

Cuimsíonn Caighdeáin Iarnróid na hÉireann (IRSanna) dea-chleachtas tionscail agus/nó Rialacha Náisiúnta (NRanna) ar theicneolaíocht/bonneagar a bhaineann go sonrach le córas iarnróid na hÉireann, nach bhfuil cuimsithe ar shlí eile i gcaighdeáin ná i reachtaíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta. Féadfar IRSanna, laistigh dá raon feidhme, a úsáid mar mhodh náisiúnta comhlíonta inghlactha.

Déantar IRSanna a fhorbairt agus a chothabháil le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir. Comhordaíonn CRI an próiseas chuige seo. Foilsíonn CRI IRSanna ar a shuíomh gréasáin thar ceann thionscal iarnróid na hÉireann (www.crr.ie/publications/irish-railway-standards/). I gcás ina sainaithnítear NR laistigh de IRS, sula bhfoilsítear é, cuirtear an IRS sin ina bhfuil NRanna faoi bhráid Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh lena scrúdú agus tar éis comhaontú an NR(i) déantar é a fhoilsiú i gclár inrochtana, is iad sin Bunachar Sonraí Doiciméad Tagartha (RDD) agus/nó Bunachar Sonraí na Rialacha Aonair (SRD).

Foilsíodh dhá IRS nua nó leasaithe in 2023:

- IRS-304-B: Ceanglais maidir le Córais CCO ETCS Aicme A agus Rialacha Oibriúcháin RU agus IM i bPoblacht na hÉireann
- IRS-305-B: Ceanglais maidir le Córais CCT ETCS Aicme A agus Rialacha Oibriúcháin IM i bPoblacht na hÉireann (cois riain).

Tarraingíodh siar trí IRS in 2023:

- IRS-301-A Ceanglais maidir le Córais CCO agus CCT Aicme B i bPoblacht na hÉireann
- IRS-302-A Ceanglais maidir le Córais Aicme B i bPoblacht na hÉireann Sainmhíniú ar Bhearna Aeir (Ceanglais Chomhéadain le haghaidh CCT agus CCO)
- IRS-303-A Ceanglais maidir le Fochórais CCO Aicme B i bPoblacht na hÉireann – Comhéadan Meaisín Tiomána.

Tarraingíodh siar iad tar éis dul i gcomhairle leis an earnáil.

Treoirlínte

Foilsíonn CRI, ar a shuíomh gréasáin, treoirlínte ar raon dá fheidhmeanna agus dá ghníomhaíochtaí. Clúdaíonn siad seo treoir maidir le córas bainistíochta sábháilteachta a fhorbairt, conas iarratas a dhéanamh ar oibreacha nua nó rothstoc. Tá treoirlínte ann freisin a chlúdaíonn ábhair níos sainiúla amhail uimhriú feithiclí iarnróid agus iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Tiománaithe Traenach.

In 2023 rinneadh na treoirlínte seo a leanas a tháirgeadh/a nuashonrú:

- Nuashonraíodh CRI-G-033-D, an Treoirlíne maidir le hlarratais ar Ghlacadh le hOibreacha Iarnróid Nua. Áiríodh leis na nuashonruithe paraiméadair bhreise a bhain go sonrach le sábháilteacht i dtolláin iarnróid amhail freagairt éigeandála agus aslonnú agus tarrtháil.
- Nuashonraíodh CRI-G-009-H, Treoir maidir le hlarratas ar Údarú agus Iarratas ar Ghlacadh le haghaidh Suiteálacha agus Feithiclí Seasta Iarnróid Trom. I measc na n-uasdátaithe bhí, baint na bpáirteanna as ionad/iomarcach, soiléiriú ar chásanna glactha, sreabhchairteacha le haghaidh Údarú Feithicle/Údarú Suiteála Seasta/Cásanna Glactha a chur leis.
- CRI-G-056-A, Treoir maidir le sonraí a chur faoi bhráid CRI le cur isteach ar an gClár Eorpach de Chineálacha Feithiclí Údaraithe (ERATV). Treoirlíne nua a bhí anseo a ullmhaíodh chun próiseas CRI maidir le clárú sonraí ar an ERATV a mhíniú d'eagraíochtaí iarnróid. Áirítear leis na sonraí cláraithe saintréithe teicniúla na feithicle, STIanna ábhartha, ainm an mhonaróra, dátaí etc.

Comhlachtaí ainmnithe a ainmniú

I gcomhréir le IR 477 de 2020 Rialachán 16(3) ainmníonn CRI na comhlachtaí atá freagrach as an nós imeachta fóraithe a chur i gcrích i leith rialacha náisiúnta, tugtar DeBos ar na comhlachtaí sin. Agus iarratasóirí den sórt sin á n-ainmniú, úsáideann CRI an treoirlíne próiseálaí aitheantais CRI-G-053.

Tar éis measúnú rathúil, d'ainmnigh CRI 6 eagraíocht mar DeBo agus in 2023 chuir Cigirí CRI an chéad bhabhta de ghníomhaíochtaí monatóireachta i gcrích ar thrí cinn díobh. Ina theannta sin, cuireadh gníomhaíocht aitheantais mhodhnaithe i gcrích. Coinníodh aitheantas DeBo i ngach cás. Féach tábla 1 thíos le haghaidh sonraí ar na gníomhaíochtaí a rinneadh.

Tábla 1
Gníomhaíocht DeBo in 2023

| DeBo | Aitheantas tosaigh | Aitheantas athraithe | Ath-aitheantas | Fianaise | Faireachas |
|---|--------------------|----------------------|----------------|----------|------------|
| Rina Services S.p.A | | | | | ■ |
| Certifer HHC DRS B.V | | | | | ■ |
| Rail and Transit Verification Denmark ApS | | | | ■ | |
| Certifer SA n | | ■ | | | |
| Ricardo Certification B.V | | | | | |
| TUV Rheinland Rail Certification B.V | | | | | |

Aonán i gCúram Cothabhála (ECM)

Tá deimhniú ECM i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún. Soláthraíonn an córas deimhniúcháin fianaise ar fhreagracht agus inrianaitheacht na cothabhála a dhéantar ar fheithiclí. Leagtar amach ann próiseas deimhniúcháin lena n-áiríthítear córas bainistíochta trédhearcach agus struchtúrtha le haghaidh feidhmeanna cothabhála a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 14(3) de Threoir (AE) 2016/798.

Mar chomhlacht deimhniúcháin ECM, is féidir le CRI deimhniú agus faireachas a sholáthar. Níor ceanglaíodh ar CRI tabhairt faoi aon ghníomhaíocht ECM le linn 2023.

Cábbla-bhealaí

Mar an t-údarás inniúil, áirítear ar fheidhmeanna CRI údarú a dhéanamh ar thógáil cábla-bhealaigh nua agus freisin údarú ar na suiteálacha cábla-bhealaigh nua a chur i mbun seirbhíse ina dhiaidh sin nó údarú ar mhodhnuithe suntasacha ar chábbla-bhealach atá ann cheana a údarú.

Mar a cuireadh in iúl inár dtuarascáil bhliantúil do 2022, fuair CRI aighneacht ar údarú Chéim 1 ó Chomhairle Contae Chorcaí le haghaidh móroibreacha cothabhála ar a gCábbla-Bhealach in Oileán Baoi. Dhún sé seo an cábla-bhealach ar feadh roinnt míonna de réir mar a tógadh túir tacaíochta nua, agus oibreacha eile curtha i gcrích.

Tar éis na hoibreacha seo a bheith críochnaithe agus de réir CRI-G-054-A, chuir Comhairle Contae Chorcaí iarratas Céim 2 faoi bhráid CRI go luath in 2023 chun oibriú a cheadú. Thosaigh Cábbla-Bhealach Oileán Baoi ag feidhmiú arís i mí an Mheithimh 2023.

Measúnú comhréireachta ar chórais bainistíochta sábháilteachta

Déantar Measúnú Comhréireachta ar Chórais Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) i gcomhréir leis an Treoir um Shábháilteacht Iarnróid (AE) 2016/798 agus an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú. Tá na critéir shonracha chun comhréireacht a mheasúnú sonraithe i Rialachán AE (AE) 2018/762 lena mbunaítear modhanna sábháilteachta coiteanna maidir le ceanglais an chórais bhainistíochta sábháilteachta.

Ní mór údarú sábháilteachta i leith an Bhainisteora Bonneagair agus deimhnithe sábháilteachta aonair (SSC) maidir leis na Gnóthais Iarnróid (RUanna) a bheith i seilbh gach eagraíochta iarnróid oibríochta.

Trasúodh an Treoir um Shábháilteacht Iarnróid in 2020 agus in 2023 cuireadh an chéad iarratas in Éirinn isteach ar dheimhniú sábháilteachta aonair trí Ionad Ilfhreastail (OSS) an ERA, agus rinne Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid an aighneacht seo.

Féadfaidh an t-iarratasóir SSC a roghnú, ceachtar den ERA (OSS) nó CRI (NSA sa Bhallstát) a bheith ar an údarás atá freagrach as an deimhniú sábháilteachta aonair a mheasúnú agus a eisiúint. Tá an rogha seo ag an iarratasóir nuair a oibríonn sé i mBallstát amháin. Roghnaigh IÉ-RU CRI mar an t-aonán údaraithe agus tar éis roinnt míonna rannpháirtíochta agus measúnaithe eisíodh deimhniú sábháilteachta aonair i mí an Mhárta 2023.

Roghnaigh Rhomberg Sersa Ireland, an RU a oibríonn agus a chothaíonn cabhlach meaisíní ar an mbóthar (OTManna) Iarnród Éireann CRI mar an t-údarás atá freagrach as a SMS a mheasúnú agus as an SSC a eisiúint. Arís, tar éis roinnt míonna rannpháirtíochta agus measúnaithe eisíodh SSC i mí Iúil 2023.

Rialacha náisiúnta maidir le hoibríochtaí TSI

Chuir ERA in iúl do CRI nach bhfuil a n-athbhreithniú críochnaithe go fóill ar na Rialacha Náisiúnta (NRanna) a cuireadh isteach i mí Iúil 2020. Beidh CRI ag fanacht le freagra ón ERA ar na rialacha náisiúnta atá ann faoi láthair a tólacadh, sula ndéanfar tuilleadh dul chun cinn ar na dréachtrialacha náisiúnta nua a cheadaítear in TSI-OPE (AE) 2019/773 Aguisín I.

Ceadúnú tiománaithe traenach

Ceanglaítear ar gach tiománaí traenach faoi reachtaíocht an AE ceadúnas bailí a bheith acu chun traein a oibriú ar an ngréasán. Eisítear ceadúnais faoi réir na gceanglas tiomána atá leagtha síos sa reachtaíocht Eorpach a chomhlíonadh, eadhon: aois íosta, oideachas bunaidh, scrúdú leighis, folláine shíceolaíoch ghairme, agus inniúlacht ghairmiúil i gcoitinne a bheith sásaithe ag an tiománaí. Déanann CRI measúnú ar gach iarratas ar cheadúnas de réir na gcritéar seo.

Bunaithe ar iarratais a fuarthas in 2023, d'eisigh CRI 62 ceadúnas tiomána traenach. Ceadúnais 'cead-eisiúna' ba ea 59, ceadúnais athsholáthair ba ea dhá cheann, agus nuahonrú/leasú ab ea ceann amháin.

Tá bailíocht 10 mbliana ag ceadúnais tiomána traenach; mar sin féin, bíonn tiománaithe faoi réir scrúduithe leighis leanúnacha agus measúnú inniúlachta ag an nGnóthas Iarnróid.

Comhlacht forordaithe

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2001-2020 is comhlacht forordaithe é CRI sa chás ina bhféadfadh tionchar a bheith ag forbairt ar iarnród d'iarnród trom. Áirítear leis seo crosairí comhréidhe iarnróid, íosdhroichid agus tardhroichid, forbairtí atá cóngarach don iarnród nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a shláine struchtúrach nó a chuireann oibriú sábháilte an iarnróid i mbaol nó a chuirfeadh isteach air. Baineann sé seo le linn agus tar éis na tógála freisin.

In 2023 thug CRI tuairimí maidir le 22 de na hiarratais phleanála a fuair sé mar chomhlacht forordaithe.

TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE MAOIRSEACHT AR CHOMH- LÍONADH AGUS FORFHEIDHMIÚ



Is príomhghníomhaíocht de chuid CRI é maoirsiú ar eagraíochtaí iarnróid a bhaineann lena phríomhfheidhm reachtaíocht a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a fhorfheidhmiú. Is é ról CRI maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht leanúnach SMS eagraíochtaí iarnróid.

Chun an fheidhm mhaoirseachta seo a chomhlíonadh in 2023 rinneadh raon gníomhaíochtaí ar eagraíochtaí iarnróid a chuimsigh go príomha na nithe seo a leanas:

- Iniúchtaí
- Cigireachtaí
- Gníomhaíochtaí iar-tharlaithe (POAanna)
- Athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmíocht sábháilteachta le RO (SPRManna)
- Athbhreithniú ar thorthaí CRI le RO
- Athbhreithniú ar mholtaí sábháilteachta RAIU le heintitis ar díriodh orthu
- Cruinnithe athfhillteacha tréimhsiúla le pearsanra eagraíochtaí iarnróid lena n-áirítear bainisteoirí Imscrúdaithe.

Bhí maoirseacht CRI in 2023 réamhghníomhach (pleanáilte) agus frithghníomhach (mar fhreagra ar tharluithe). Is éard a bhí i gcineálacha gníomhaíochta pleanáilte ná iad siúd a leagtar amach thuas. Cuireadh acmhainní i bhfeidhm ar comhréir leis na leibhéil riosca a bhain leis na heintitis rialaithe. In 2023 bhí fáil ar an raon iomlán de ghníomhaíochtaí cigireachta maoirseachta gan aon srianta gaolmhara Covid, a bhí i bhfeidhm ó bhlianta roimhe sin. Tá cur chuige oibre hibrideach leabaithe ag gníomhaíochtaí maoirseachta maidir le modhanna oibre anois, lena n-áirítear meascán de rannpháirtíocht phearsanta agus fhíorúil/ar líne.

Cuireadh tús le 260 gníomhaíocht mhaoirseachta in 2023 agus faoi dheireadh na bliana bhí 190 acu críochnaithe. Teastaíonn obair leanúnach leis na heagraíochtaí iarnróid faoi seach leis na gníomhaíochtaí eile agus tabharfar anonn iad go 2024. Laistigh de 2023 cuireadh 33 ghníomhaíocht mhaoirseachta eile i gcrích freisin ar cuireadh tús leo in 2022.

Maoirseacht agus forfheidhmiú

Úsáideann CRI foinsí éagsúla faisnéise chun é a chur ar an eolas faoi fheidhmíocht fhoriomlán gach eagraíochta iarnróid a ndéanann sí maoirsiú uirthi agus faoi phróifíl sábháilteachta foriomlán na hearnála.

Bíonn leibhéal na maoirseachta ar eagraíocht iarnróid in aon bhliain amháin bunaithe ar, ach gan a bheith teoranta do, athbhreithniú ar thorthaí maoirseachta roimhe seo, agus ar phríomhtháscairí feidhmíochta amhail cineál agus líon na dtionóiscí, na dteagmhás agus na dteagmhás contúirteacha sa bhliain (nó sna blianta) roimhe sin, líon na n-ionadaíochtaí poiblí, agus líon na moltaí sábháilteachta a rinne an RAIU. Tá anailís inmheánach CRI féin ar a rannpháirtíocht le RO, lena n-áirítear ionchur tábhachtach ó na príomhchigirí atá sannta don RO lánach sa phróiseas seo freisin. Tá gníomhaíochtaí maoirseachta pleanáilte don todhchaí comhréireach freisin le méid oibríochtaí an RO agus leibhéal an riosca a bhfuil siad nochtaithe dó nó a nochtaíonn siad daoine eile dó.

Bainimid úsáid as prionsabail ERA maidir le maoirseacht, lena n-áirítear comhréireacht, comhsheasmhacht, agus trédhearcacht mar aon lenár n-eolas agus ár dtuiscint bhailithe féin ar gach eagraíocht iarnróid chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh orthu siúd a rialaíonn muid.

D'fhéadfadh go n-aithneodh gníomhaíocht maoirseachta saincheisteanna ar gá aird a thabhairt orthu. I gcás ina dtagann saincheisteanna chun cinn, féadfaidh cigire teacht ar thuairim go bhfuil gníomh de dhíth ar an eagraíocht iarnróid. Déanann CRI na torthaí seo a chatagóiriú ag brath ar an riosca a bhaineann leo, agus féadfar gníomhartha a chomhaontú leis na heagraíochtaí iarnróid nó iad a dhíriú orthu agus a gcur chun feidhme ar na gníomhartha a rianú.

Úsáideann CRI an córas rangaithe seo a leanas do na torthaí seo.

Neamhchomhlíonadh Mór (MaNC): réimse neamhchomhlíonta le caighdeán inmheánach, caighdeán seachtrach infheidhme, nó reachtaíocht atá ina fhianaise ar chliseadh córais.

Mion-neamhchomhlíonadh (miNC): réimse neamhchomhlíonta le caighdeán inmheánach, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht atá ina fhianaise ar thitim fhánach i gcur i bhfeidhm córais nó imeacht ó chóras.

Gníomh ag Teastáil (AR): réimse ina bhfuil féidearthacht ann go dtarlódh neamhchomhlíonadh mura ndéantar beart leasaithe, nó má dhéantar feabhsú, earráid ar leithlis nach mór a cheartú, nó saincheist éigin eile ina bhfuil, i dtuairim an iniúchóra, gníomhaíocht riachtanach.

Scóip feabhsúcháin (SFI): réimse atá aibhsithe inar féidir leis an eagraíocht, i dtuairim an Iniúchóra, feabhsú córais nó gnó a bhaint amach. Go hiondúil, cuirtear é seo in iúl mar mholadh, ar cheart don eagraíocht iniúchta a chinneadh a dhéanamh ar a fhiúntas agus ar a chur i bhfeidhm.

Dea-Chleachtas (GP): réimse atá aibhsithe ar dea-chleachtas é, i dtuairim an Iniúchóra, laistigh den tionscal.

Rian Iniúchta (AT): réimse a greideann an t-iniúchóir gur cheart aird bhreise a thabhairt air, trí áireamh sa chlár d'iniúchtaí amach anseo (ach ní gá gur mír iniúchta seachtrach é) nó ar mhodh éigin eile.

Torthaí iniúchta, ciigireachta agus cigireachta iar-tharlaithe a chur i bhfeidhm

Le linn gníomhaíochtaí maoirseachta, cruthaíonn cigirí CRI tuairimí bunaithe ar fhianaise as a d'eascair torthaí a d'fhéadfadh moltaí (torthaí) a bheith mar thoradh orthu. Sa chás sin cuirtear an toradh in iúl don eagraíocht iarnróid ábhartha. Déanann CRI faireachán ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí na heagraíochta iarnróid chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí seo. In 2023 d'eisigh cigirí 67 toradh inrianaithe san iomlán (neamhchomhlíonadh agus gníomh riachtanach), áit a rianaíonn cigirí CRI a gcur chun feidhme. Astu seo, bhí neamhchomhlíonadh le ceanglas reachtach nó SMS ba ea 20 díobh, d'ardaigh cigirí an 47 eile nuair a mheas siad go raibh gá le gníomh coiscteach.

Tugann an méid seo a leanas forbhreathnú ar ghníomhaíocht mhaoirseachta CRI don bhliain 2023.

Iniúcháireacht ar chomhlíonadh (maoirseacht réamhghníomhach)

I rith 2023 mhol CRI na hiniúchtaí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Tábla 2
Iniúchtaí CRI a tosaíodh in 2023

| Eagraíocht iarnróid | Teideal an iniúchta | Déanta |
|---------------------|---|-----------------------|
| RSIE | Imscrúdú Timpiste & Ullmhacht Éigeandála – Iarscríbhinn II Critéir P, Q & R etc | Aibreán 2023 |
| RPSI | Critéir J, K, P agus S | Aibreán 2023 |
| IÉ-IM | Tacaíocht, Oibríochtaí agus Measúnú Feidhmíochta laistigh den Roinn SET | Deireadh Fómhair 2023 |
| IÉ-RU | Ceanglais TSI-OPE | Deireadh Fómhair 2023 |
| NIR | Measúnú/Aithint Riosca NIR (Critéar A) | Deireadh Fómhair 2023 |

I rith 2023, chríochnaigh CRI na hiniúchtaí atá liostaithe sa tábla seo a leanas:

Tábla 3
Iniúchtaí CRI a críochnaíodh agus torthaí in 2023

| Eagraíocht iarnróid | Teideal an iniúchta | ManNC | miNC | AR | SFI | GP | AT |
|---------------------|---|----------|-----------|-----------|-----------|----------|-----------|
| RSIE | Iniúchadh RSIE: Imscrúdú Timpiste & Ullmhacht Éigeandála – Iarscríbhinn II Critéir P, Q & R etc | 0 | 3 | 6 | 2 | 0 | 1 |
| TDLR | Iniúchadh SMS TDLR – Eilimintí Imscrúdú Tionóisce F N Q | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 4 |
| IÉ-IM | Imscrúdú Timpiste agus Ullmhacht Éigeandála | 0 | 0 | 3 | 2 | 0 | 1 |
| IÉ-RU | CME Bainistíocht ar Chláir Rioscaí Flít – (Critéar A) | 0 | 2 | 3 | 7 | 1 | 2 |
| IÉ-RU | Bainistiú Faisnéise Sábháilteachta (CSM 1158/2010 Iarscríbhinn II Critéar O, P) | 0 | 3 | 4 | 10 | 1 | 1 |
| TDLR | Iniúchadh Inmheánach | 0 | 3 | 1 | 4 | 0 | 1 |
| lomlán | | 0 | 12 | 18 | 26 | 3 | 10 |

Mar a léiríodh thuas, críochnaíodh sé iniúchadh in 2023. Seachas iad seo cuireadh tús le ceithre iniúchadh eile in 2023 agus tá dul chun cinn maith déanta ar na ceithre iniúchadh seo go léir seachas iniúchadh IÉ-RU ar cheanglais TSI-OPE agus dréacht-tuarascálacha iniúchta le heisiúint chuig na heagraíochtaí iarnróid ábhartha (RPSI, IÉ-IM agus NIR) go luath in 2024. Cuireadh tús leis an iniúchadh ar TSI-OPE go déanach in 2023 agus mar sin tá sé ag céim níos luaithe den dul chun cinn.

Tá torthaí curtha ar fáil ag gach ceann de na hiniúchtaí críochnaithe, mar a shonraítear sa tábla, chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí a d'éiligh gníomhartha ón eagraíocht iarnróid ábhartha i dtuairim an chigire CRI. Coinníonn cigirí CRI i dteagmháil leis na heagraíochtaí iarnróid ábhartha chun a chinntiú go gcuirtear na gníomhartha riachtanacha chun cinn.

Go sonrach d'iniúchtaí a cuireadh i gcrích in 2023 d'aithin cigirí na torthaí seo a leanas: 12 miNC, 18 AR agus 26 SFI.

Le haghaidh na n-iniúchtaí críochnaithe, ba ghá go n-ullmhódh an eagraíocht iarnróid gach plean gníomhaíochta chun na saincheistanna a saináithníodh a réiteach, seachas an t-iniúchadh ar Imscrúdú Tionóiscí agus Ullmhacht Éigeandála do IÉ-IM. Tá na pleananna gníomhaíochta riachtanacha curtha isteach ag gach eagraíocht iarnróid tar éis iarrataí an phríomh-iniúcháir. Tá obair ar siúl ag na heagraíochtaí iarnróid chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí iniúchta críochnaithe 2023.

Cigireachtaí

In 2023 chuir CRI tús le 45 Iniúchadh san iomlán ar fud na n-eagraíochtaí iarnróid go léir. Chuimsigh na hiniúchtaí seo ó chigireachtaí níos teoranta 1 lá ar shócmhainní, go cigireachtaí níos mionsonraithe ar féidir leo suas le 20 lá a thógáil. Tá liosta iomlán na gcigireachtaí maoirseachta tosaithe ag CRI in 2023 san áireamh in Aguisín G Tábla 16. Críochnaíodh roinnt cigireachtaí maoirseachta ar cuireadh tús leo in 2022 in 2023. Tá liosta iomlán na gcigireachtaí maoirseachta críochnaithe ag CRI san áireamh in Aguisín G Tábla 17, b'ionann é seo agus 10 gcigireacht mhaoirseachta san iomlán.

D'aithin roinnt cigireachtaí CRI a críochnaíodh in 2023 neamhchomhlíonadh i gcoinne na n-eagraíochtaí iarnróid agus sna cásanna sin iarradh Plean Gníomhaíochta ar na heagraíochtaí iarnróid ábhartha. D'éiligh na hiniúchtaí seo a leanas a rinne CRI go bhforbródh an RO Pleananna Gníomhaíochta:

- Iniúchadh ar Bhainistíocht Inniúlachta Tiománaithe – TDLR
- Cigireacht Trasrianta Comhréidh an Chórais Tacaíochta Cinnidh – IÉ-IM
- Iniúchadh ar Shaoráidí Cothabhála Flít NIR – NIR
- Iniúchadh Bhaile na Finne – Iarnród Oidhreachta Bhaile na Finne.

Bhain na neamhchomhlíonta sin le doiciméadú chóras bainistíochta sábháilteachta na n-eagraíochtaí iarnróid nó le réimsí eile ar measadh nach raibh siad ina mbaol láithreach do shábháilteacht daoine. Tá bearta ceartaitheacha agus coisctheacha comhaontaithe ó na cigireachtaí sin á gcur chun feidhme ag na heagraíochtaí iarnróid lena mbaineann.

Tugtar mionsonraí thíos ar raon iomlán na dtorthaí ó na cigireachtaí a tugadh chun críche in 2023 in aghaidh gach ceann de na heagraíochtaí iarnróid:

Tábla 4
Cigireachtaí críochnaithe, agus torthaí a rinneadh in 2023

| Eagraíocht iarnróid | Líon na gcigireachtaí | Líon na gcigireachtaí le torthaí | MaNC | miNC | AR | SFI | GP | AT |
|---------------------|-----------------------|----------------------------------|----------|----------|-----------|-----------|----------|-----------|
| IÉ-IM | 9 | 5 | 0 | 1 | 4 | 12 | 0 | 2 |
| IÉ-RU | 7 | 3 | 0 | 0 | 10 | 6 | 0 | 4 |
| RSIE | 3 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 |
| RPSI | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| NIR | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 2 | 0 | 2 |
| TDLR | 7 | 4 | 0 | 1 | 3 | 3 | 0 | 0 |
| BNM | 1 | 1 | 0 | 0 | 2 | 2 | 0 | 0 |
| Oidhreacht | 4 | 3 | 0 | 2 | 5 | 16 | 1 | 0 |
| Iomlán | 33 | 19 | 1 | 5 | 25 | 41 | 1 | 10 |

Gníomhaíocht Iar-Tharlaithe (maoirseacht fhrithghníomhach i leith tionóiscí nó teagmhais)

In 2023, chríochnaigh cigirí CRI 49 gníomhaíocht Iar-Tharlaithe. Cuireadh tús le 10 gcinn díobh seo in 2022 ach críochnaíodh iad in 2023.

Bhí torthaí mar thoradh orthu seo mar a léirítear sa tábla thíos.

Tábla 5
Gníomhaíochtaí iar-theagmhais a críochnaíodh le linn 2023 ó theagmhain agus torthaí infhógartha

| Eagraíocht iarnróid | Líon POA | Líon POA le torthaí | MaNC | miNC | AR | SFI | GP | AT |
|---------------------|-----------|---------------------|----------|----------|----------|----------|----------|----------|
| IÉ-IM | 17 | 2 | 0 | 1 | 3 | 3 | 0 | 3 |
| IÉ-RU | 17 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| TDLR | 12 | 2 | 0 | 2 | 2 | 2 | 0 | 0 |
| BNM | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán | 49 | 5 | 0 | 4 | 5 | 5 | 0 | 3 |

Fuair CRI 70 fógra a bhain le tionóiscí, teagmhais nó eachtraí contúirteacha agus slógadh chuig roinnt díobh sin sna laethanta i ndiaidh an tarlaithe chun tabhairt faoi gníomhaíochtaí leantacha. Bhain 51 san iomlán le gréasán IÉ, bhain 14 leis an ngréasán iarnróid éadroim, bhain 2 le Rhombert Sersa, bhain 3 le teagmhais BNM, agus ní bhfuarthas aon fhógra foirmiúil a bhain le hiarnróid oidhreachta in 2023. Maidir le roinnt gníomhaíochtaí iar-tharlaithe ó tharluithe a fógraíodh in 2023 beidh tuilleadh oibre leantá i gceist in 2024.

Go tragóideach, in 2023 bhí 11 teagmhas marfach ar na hiarnróid náisiúnta nuair a bhain an díobháil mharfach le traein ag gluaiseacht, agus ina raibh foghail nó mí-eachtraí i gceist. Tharla siad seo ar fad ar líonra iarnróid throm Iarnród Éireann. Titeann líon na mbásanna, don chatagóir seo, laistigh den raon sonraí 10 mbliana i gcomparáid. Déantar athbhreithniú go leanúnach ar fhigiúirí tréimhse IÉ do na gortuithe marfacha seo ag na SPRManna leis an IÉ-IM agus IÉ-RU. Is eol do CRI gur bhunaigh IÉ-IM agus IÉ-RU grúpa oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon mhaoluithe breise a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm.

Laistigh de 2023 bhí cúig chás de ráillí briste ar líonra IÉ. Díol suntais ba ea é nuair a tharla iarnród briste in aice le hlomlach LC XC164 ar an 22 Feabhra 2023 agus fuarthas ráille briste ag an Droichead Nua ar an 23 Feabhra 2023. Bhain an dá cheann seo le próisis éagsúla. Bhí iarnród briste Imleach mar gheall ar cheisteanna le próisis táthú an tsuímh agus tharla ráille briste an Droichid Nua mar thoradh ar bhriseadh trí alt splanc-táthaithe. Cuireadh CRI ar an eolas faoi na maoluithe riosca breise a forbraíodh, agus soláthraíodh nuashonruithe tréimhsiúla ar imscrúduithe teicniúla IÉ maidir leis na teipeanna seo. Tá an figiúr de 5 ráille briste laistigh de bhliain féilire lasmuigh de na 10 mbliana roimhe sin de shonraí taifeadta ráillí briste. Tá cuma asluitigh an bhfigiúr féin toisc nár taifeadadh an ráille briste roimhe seo do 2022. Mar thoradh ar an méadú suntasach seo is réimse é seo ar ar leagadh béim air laistigh de 2023 agus réimse a mbeidh athbhreithniú agus monatóireacht bhreise le déanamh air laistigh de 2024 ag an bhfoireann CS&E. Chríochnaigh an RAIU an tuarascáil imscrúdaithe seo a leanas atá ábhartha maidir leis na teagmhais seo in 2023:

- Ráille briste, An Droichead Nua, Co. Chill Dara, 23 Feabhra 2023.

Tá imscrúdú ar siúl ag an RAIU freisin, rud atá suntasach freisin maidir leis na teagmhais ráillí briste seo:

- Ráille briste IÉ (táthú teirmeach) in aice le Crosaire Comhréidh Imleach (XC164) ar an 22 Feabhra 2023.

Ba iad seo a leanas nach mór aird a dhíriú orthu le linn 2023 maidir leis an earnáil iarnróid throm mar ghrúpáil:

- Neasteagmhas a bhain le ball foirne CCE agus traein an 3 Márta 2023
- Neasteagmhas ag Cluain Uí Dhoinnín le hOibrí Cothabhála Riain ar an 12 Deireadh Fómhair 2023
- Neasteagmhas le ball foirne iarnróid i dTollán Cheann Bhré 4 an 6 Nollaig 2023.

Tharla gach ceann de na trí theagmhas le linn oibriú 'limistéar dearg', is é sin nuair a bhí seirbhísí traenach i bhfeidhm, agus d'fhéadfadh gortuithe tromchúiseacha don ball foirne nó d'fhéadfadh bás a bheith mar thoradh orthu i gcúinsí beagán difriúil. Tá IÉ-IM ag déanamh athbhreithnithe ar mhodhanna a d'fhéadfadh laghdú féideartha a dhéanamh ar oibriú an limistéir dheirg. Tá an réimse seo tugtha cothrom le dáta go tréimhsiúil laistigh de SPRManna le IÉ-IM agus leanfar leis mar réimse aird.

Tá staitisticí báis agus díobháilacha Iarnród Éireann le fáil i Aguisín D Tábla 11.

San earnáil iarnróid éadroim bhí dhá theagmhas suntasach. Bhain siad seo le sárúithe tram ar chodanna neamhfhuinnimh ag TDLR, rud a d'fhéadfadh iad siúd a bhí ag obair laistigh de na haonraithe sin a chur i mbaol. Déanfaidh CRI athbhreithniú ar na sonraí le bainistíocht TDLR chun a chinneadh cé na maoluithe riosca atá á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm chun atarlú a chosc.

In 2023 lean CRI lena phróiseas gníomhaíochta iar-theagmhais nuashonraithe. Tá gach teagmhas infhógartha faoi réir athbhreithnithe anois ar bhonn seachtainiúil trí choiste athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí tar éis tarlú (POARC). Déantar athbhreithniú ar gach teagmhas fógartha, agus déantar cinneadh cibé an bhfuil gá le cigireacht bhreise. Má mheastar nach dócha go mbeidh saincheist maidir le comhlíonadh SMS ann, nó i gcás nach soláthróidh imscrúdú tuilleadh foghlama, áiritheoidh CRI go gcuirfidh na heagraíochtaí iarnróid iad féin an t-imscrúdú reachtúil nach mór dóibh a chur i gcrích.

In aon chás inar measadh sábháilteacht a bheith i mbaol, d'iarr CRI na dearbhuithe riachtanacha go raibh bearta maolaithe curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht ábhartha do gach teagmhas ar leith. Déanann an RAIU a imscrúduithe neamhspleácha féin ar thimpistí/teagmhais chun a gcúis a fháil amach agus tugann CRI aird ar na himscrúduithe sin.

Forfheidhmiú

Soláthraítear le Cuid 7 den Acht cumhachtaí forfheidhmithe do CRI. Cuimsíonn na cumhachtaí seo raon ó Phlean Feabhsúcháin a iarraidh, áit a bhféadfadh riosca do shábháilteacht daoine a bheith i gceist le gníomhaíocht, go dtí Fógra Feabhsúcháin a sheirbheáil mar gheall ar shárú ar fhorálacha an RSA2005 nó Fógra Toirmisc nuair a d'fhéadfadh riosca láithreach agus substaintiúil a bheith i gceist le gníomhaíocht do shábháilteacht daoine. Tá sé de chumhacht ag CRI freisin i gcásanna foircneacha Údarú Sábháilteachta nó Deimhniú Sábháilteachta a chúlghairm nó iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun ordú a lorg chun oibríochtaí a shrianadh nó a thoirmeasc.

Tá sé mar aidhm ag CRI oibriú le heagraíochtaí iarnróid agus comhlíonadh deonach a lorg seachas dul i mbun gnímh forfheidhmithe láithreach. Féachann a cigirí le bheith comhréireach ina bhfreagraí ar thorthaí agus ar theipeanna, rud atá ag teacht le cleachtas Eorpach. Uaireanta, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh gá le forfheidhmiú. In 2023 d'iarr cigirí CRI 2 Phlean Feabhsúcháin ó eagraíochtaí iarnróid. Tá achoimre orthu seo léirithe thíos:

Pleananna feabhsúcháin a iarraidh de réir Alt 76 den den Acht um shábháilteacht iarnróid 2005

145/22-POA SPAD ag Corcaigh CE442

Eisíodh an treoir le haghaidh plean feabhsúcháin chuig IÉ-IM nuair a fuarthas amach nach raibh siad ag comhlíonadh rialachán de chuid an AE a bhaineann le hlarscríbhinn II 2018/762 Alt 4.4.3 a thagann faoi fhaisnéis agus faoi chumarsáid. Baineann sé seo le faisnéis a bhaineann le sábháilteacht a chur in iúl don fhoireann atá ríthábhachtach ó thaobh sábháilteachta de.

227/22-I RSIE cigireacht ar bhainistíocht an tseomra rialaithe

Eisíodh an treoir seo do phlean feabhsúcháin a bhain le mór-neamhchomhlíonadh, chuig RSIE. Bhain an toradh seo le tiománaithe RSIE OTM a bhí ag déanamh gluaiseachtaí traenach gan a nInmhe Dualgais a bheith deimhnithe go neamhspleách ag duine inniúil cuí, contrártha le hAlt 36 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

Fógraí feabhsúcháin a seirbheáladh de réir Alt 77 den RSA 2005

Níor seirbheáladh aon fhógra feabhsúcháin in 2023. Deonaíodh síneadh ama ar Fhógra Feabhsúcháin a bhí ann cheana a seirbheáladh ar IÉ-RU, maidir lena mbeartas Drugaí agus Alcóil. Tá beart éigin déanta ag IÉ-RU, áfach, is é an rud atá fós le déanamh ná athrú reachtaíochta a bhfuil an Roinn Iompair faoi láthair le dul chun cinn.

Fógraí toirmisc seirbheáilte de réir Alt 78 den RSA 2005

Níor seirbheáladh aon fhógraí toirmisc in 2023.

Moltaí sábháilteachta RAIU

Tá sé mar fheidhm ag an RAIU imscrúduithe a dhéanamh ar thimpistí agus ar theagmhais a tharlaíonn ar na hiarnróid throma, éadroma, oidhreachta agus thionsclaíocha (ag idirbhealaí poiblí amháin) in Éirinn. Is é cuspóir a imscrúduithe cúis a bhunú agus gan milleán a chur. Déanann a thuarascálacha moltaí sábháilteachta atá beartaithe lena chinntiú go seachnófar tionóiscí/teagmhais dá leithéid amach anseo.

Bunaithe ar fhianaise a imscrúduithe, féadfaidh RAIU moltaí sábháilteachta a dhéanamh. Go hiondúil bíonn siad seo dírithe ar an eagraíocht iarnróid nó ar thríú páirtí eile a bhféadfadh freagracht a bheith orthu faoin reachtaíocht. Ina theannta sin, seoltar a mholtaí chuig CRI mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta atá freagrach. Ina dhiaidh sin tá freagracht ar CRI as maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí sábháilteachta ag an eintiteas ar díriodh iad chuige. Tá stádas na moltaí sábháilteachta reatha arna n-eisiúint ag an RAIU sonraithe in Aguisín C Tábla 10.

In 2023 d'eisigh RAIU 5 thuarascáil imscrúdaithe as a dtáinig 47 moladh sábháilteachta á gcur faoi bhráid CRI. Rinneadh iad sin a mheas go cuí agus dhírigh CRI iad seo chuig na heagraíochtaí nó na heintitis iarnróid ábhartha is fearr atá in ann freagairt don mholadh sábháilteachta.

Iompar earraí contúirteacha ar iarnród

Is é CRI an t-údarás inniúil faoi Ionstraim Reachtuil (IR) 651 (arna leasú) clásal 4(1) de Rialacháin CE (Earraí Contúirteacha a Iompar ar Iarnród) 2010.

Leanann CRI ag cinntiú go gcuirtear seirbhís scrúdaithe agus deimhniúcháin ar fáil do chomhairleoírí sábháilteachta earraí contúirteacha (DGSA). Tá an tseirbhís seo ar conradh leis an Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair (CILT) agus rinneadh an conradh don tseirbhís seo a athnuachan in 2023.

Rhomberg Sersa Ireland (RSIE)

Chríochnaigh RSIE a gceathrú bliain iomlán oibríochta in 2023, tar éis dóibh an conradh cothabhála & oibríochta flít d'Innill ar an Rian (OTM) a ghlacadh thar ceann IÉ-IM i mí Iúil 2019. Chríochnaigh RSIE 96,635 km traenach san iomlán ar an ngréasán i 2023 a bhí ina mhéadú beag ó 2022 (circa 6%).

Bhuail Cigirí CRI leis an bpríomhbhainistíocht trí huairé in 2023 agus rinneadh athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht sábháilteachta. Pléadh tionscnaimh sábháilteachta agus tascanna feabhsúcháin leanúnacha eile sna cruinnithe seo freisin.

Bhí dhá theagmhas infhógartha ag RSIE in 2023. Ba iad sin:

- SPAD Dúbailte @ Na Solláin HK167 & HK168
- Tarlú Bainistíochta Sealbhaíochta ag an Dromaíd.

Tá an dá theagmhas seo á leanúint faoi láthair ag CRI.

Rinneadh iniúchadh amháin ar RSIE in 2023:

- Imscrúdú Timpiste & Ullmhacht Éigeandála – Iarscríbhinn II Critéir P, Q & R.

Chomh maith leis an iniúchadh a rinneadh ar RSIE in 2023, rinne CRI 3 chigireacht in 2023. Ba iad seo a leanas na gníomhaíochtaí:

- Tuairisc aiseolais SUP chuig CA/APIS do RSIE
- Athbhreithniú ar chothabháil agus ar oibríochtaí MPV790
- Seiceáil Leighis Tiomána RSIE.

Bhí raon torthaí mar thoradh orthu seo. I gcás RSIE san iomlán laistigh de 2023 eisíodh 4 neamhchomhlíonadh agus 6 TC chuig RSIE. Tugadh aghaidh ar na torthaí neamhchomhlíonta go léir a éilíonn gníomh laistigh d'amlíne ar leith nó tá dul chun cinn maith déanta orthu. Tá na torthaí eile go léir (6 Ghníomhaíocht ag Teastáil ó 2023) á rianú go gníomhach ag cigirí CRI.

Bord na Móna (BNM)

Is leis agus oibríonn BNM iarnród tionsclaíoch a úsáidtear chun móin a iompar. Déanann CRI maoirsiú ar BNM áit a bhfuil a mbonneagar iarnróid i gcomhéadan le bóithre poiblí, i.e. ag crosairí comhréidhe agus droichid os cionn/faoin iarnród.

Tá oibríochtaí móna meilte BNM ag leanúint ar aghaidh ag laghdú go suntasach agus mar sin tá a leibhéal oibríochtaí ag laghdú. Mar sin féin, bhí feidhmíocht sábháilteachta BNM faoi réir athbhreithniú ag CRI. Tá 28 crosaire comhréidh bóthair ag BNM anois, ar laghdú suntasach é sin ón mbliain roimhe sin, áit a raibh 54 ag feidhmiú.

Thosaigh agus chríochnaigh CRI cigireacht amháin ar BNM in 2023 agus dhírigh an chigireacht ar Dhíchoimisíú Trasaí Comhréidhe agus iad siúd atá fós in úsáid. Rinne CRI sampláil ar roinnt de na crosairí comhréidhe seo mar chuid den ghníomhaíocht seo. Ar chríochnú na gníomhaíochta cuireadh 2 AR agus 2 SFI le chéile a eisíodh chuig BNM i R2 2023. Reáchtáladh SPRM amháin freisin.

Cuireadh 3 theagmhas ar an ngréasán BNM in iúl don CRI in 2023, mar a leanas:

- Díráilliú vaigín ag Crosaire Comhréidh 37-12
- Díráilliú vaigín ag Crosaire Comhréidh Bhaile Airt
- Díráilliú vaigín ag Crosaire Comhréidh Chluain Creamha.

Iarnróid oidhreachta

Déanann CRI monatóireacht ar oibríochtaí líon beag iarnróid oidhreachta féin chuimsitheacha. In 2023 bhí na hiarnróid oidhreachta seo a leanas faoi réir maoirseachta:

- Iarnród an Chabháin agus Liatroma, Dromad, Co Liatroma a d'iompair 7,500 paisinéir in 2023
- Iarnród Loch Duibhlinne, Gort na Darach, Ráth Bhoth, Co Dhún na nGall a d'iompair 40,603 paisinéir in 2023
- Iarnród Bhaile na Finne & Na Gleannta, Co Dhún na nGall a d'iompair 3,660 paisinéir in 2023
- Cumann Buanchoimeáda Gaile na hÉireann, An Sráidbhaile, Co Laoise a d'iompair 5,312 paisinéir in 2023
- Monorail Lartige Lios Tuathail, Co Chiarraí, a d'iompair 4,449 paisinéir in 2023
- Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire (W&SVR), Cill Mhíodáin Co. Phort Láirge a d'iompair 28,747 paisinéir in 2023
- Cigireacht ar Iarnróid Oidhreachta Chonamara, Crois an Teach Dóite, Conamara nár iompair paisinéirí in 2023 ach a bhfuil sé ar intinn acu paisinéirí a iompar i R1/R2 2024.

Rinneadh cigireachtaí suímh ar gach oibreoir iarnróid oidhreachta a liostaítear thuas. Is éard a bhí i gceist leis seo ná cigireacht ar shócmhainní, breathnú ar oibríochtaí, agus cruinnithe leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann oibriúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh a gcórais bhainistíochta sábháilteachta faofa.

I gcás Iarnród Loch Duibhlinne rinneadh cigireacht speisialta ar a gcuid seirbhísí Nollag chomh maith lena bpríomhchigireacht.

Fuair gach soláthraí iarnróid oidhreachta eile cigireacht phríomhúil amháin agus mar sin rinneadh 8 gcigireacht san iomlán ar oibreoirí oidhreachta in 2023. Críochnaíodh 5 cinn de na hiniúchtaí agus na torthaí seo a leanas orthu:

- Cigireacht ar Oibritheoirí Oidhreachta Bhaile na Finne: Eisíodh plean gníomhaíochta in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar an 2 miNC agus 3 TM a foirmíodh ón ngníomhaíocht chigireachta seo
- Cigireacht ISPS NGR ar Iarnród Oidhreachta An tSráidbhaile: Cruthaíodh 2 TC agus 11 SFI ón ngníomhaíocht iniúchta seo agus eisíodh iad chuig ISPS NGR.

Níor chruthaigh na gníomhaíochtaí a críochnaíodh in 2023 d'Iarnród an Chabháin agus Liatroma agus Iarnród Loch Duibhlinne torthaí inrianaithe, níor cruthaíodh ach SFlanna le haghaidh Iniúchadh Iarnróid Loch Duibhlinne.

Cumann Caomhnaithe Iarnróid na hÉireann (RPSI)

Is é RPSI an t-aon iarnród oidhreachta a fheidhmíonn ar líonra IÉ-IM agus mar thoradh air sin tá sé faoi réir leibhéal níos airde maoirseachta ná na hiarnróid oidhreachta neamhspleácha a fheidhmíonn ar a mbonneagar ar leith féin. Tar éis dhá bhliain de RPSI a bheith neamhoibríoch (in 2020 agus 2021) tá líon a bpaisinéirí in 2023 go mór ar ais go dtí na leibhéil oibríochta réamh-Covid. D'iompair RPSI 13,369 paisinéir in 2023 san iomlán.

Chuir CRI tús le 5 phríomhghníomhaíocht mhaoirseachta ar an RPSI in 2023. Seo a leanas iad:

- Cruinniú athbhreithnithe feidhmíochta Sábháilteachta RPSI i 2023
- Cigireacht ar sheirbhísí speisialta Mhárta an RPSI
- Iniúchadh ar SMS RPSI maidir le critéir J, K, P agus S
- Cruinniú tréimhsiúil le hOifigeach Sábháilteachta an RPSI
- Cigireacht ar Seabreeze an RPSI nó seirbhís eile le sampláil suímh
- Cigireacht ar sheirbhís speisialta Dhaidí na Nollag – Rothstoc agus oibríochtaí ginearálta/bainistíocht sluaite etc.

IRD CLG Choillte Mach – Velorail Choillte Mach

Is gníomhaíocht turasóireachta fóillíochta agus áineasa allamuigh é Velorail, comhdhéanta de charranna paisinéirí faoi thiomáint troitheáin (rothair iarnróid) a thaistealaíonn feadh cuid den iarnród.

Sa chéad bhliain oibriúcháin de chuid CLG Choillte Mach d'iompair siad 2,500 paisinéir. Bhí siad faoi réir maoirseachta, lena bhain cigireacht ar shócmhainní, oibríochtaí breathnaithe, agus cruinnithe leis an bpríomhfhoireann bainistíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh lena gcórais bhainistíochta sábháilteachta faofa.

Tugadh faoi chuairt láithreáin ina dhiaidh sin freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht coscánaithe na rothar iarnróid lena n-áirítear roinnt samplála ar an láthair.

Foláirimh tionscail

Faigheann CRI foláirimh sábháilteachta don earnáil iarnróid ón ERA agus ón RAIU araon. In 2023 fuarthas trí rabhadh sábháilteachta ón ERA.

Bhain an chéad cheann díobh seo le díráilliú a tharla ar an 8 Nollaig 2022 i bPoblacht na Seice a raibh nasc aige le teagmhas comhchosúil a tharla an 7 Meán Fómhair 2018. Eisíodh an foláireamh seo an 13 Márta 2023.

Bhain an dara ceann de na foláirimh sábháilteachta seo le feithicil le trastomhais rotha arb eol don ETCS ar bord a bhí i bhfad níos lú ná na trastomhais roth fisiceacha fíor-ama ar líonra na hEilvéise. Mar thoradh air sin stop an fheithicil níos mó ná 200m thar a fíor-spríoc nuair a shroich an t-uascheann tosaigh sábháilte ríofa críoch fhíorúil an údaráis. Eisíodh an foláireamh seo an 20 Iúil 2023.

Bhain an tríú ceann díobh seo le teip roth de thraein lasta a bhí ag taisteal ó Chiasso go Basel ar an 10 Lúnasa 2023. Eisíodh an foláireamh sábháilteachta an 2 Deireadh Fómhair 2023.

Uiríll

In 2023, fuair CRI 57 uiríoll a bhain le raon cúrsaí i dtaca le bonneagar iarnróid trom agus éadrom agus cúrsaí oibriúcháin.

As na 57 n-uiríoll a fuarthas in 2023, ba iarratais ar fhaisnéis a fuaireamar ó chomhlachtaí/ gníomhaireachtaí rialála eile iad 16 acu seachas gearáin faoi sheirbhísí nó imní sábháilteachta. As na huiríll a bhí fágtha, bhain 2 le sábháilteacht stáisiún, bhain 8 le sábháilteacht an bhonneagair, bhain 8 le sábháilteacht an rothstoic, bhain 11 le sábháilteacht oibríochtaí traenacha agus bhain 12 le sábháilteacht na hOibre Iarnróid.

Maidir le hiarratais ar Fhaisnéis ó chomhlachtaí rialála eile, chuimsigh siad seo fiosrúcháin ar Chigireacht Theicniúil ar Innealra Iarnróid, Ceadúnais Eorpacha Tiománaithe Traenach, raidió GSM-R Voice Cab, inniúlacht tiománaithe traenach agus modheolaíocht crosaire comhréidh.

Maidir le sábháilteacht na n-uiríll bonneagair a fuarthas, áiríodh orthu seo ábhair imní a ardaíodh maidir le riocht struchtúrach na dtardhroichead, riocht na rianta agus teorainneacha iarnróid.

Maidir le sábháilteacht oibríochtaí, áiríodh orthu sin imní faoi ghníomhaíocht siúnta iarnróid oidhreachta, plódú ar thraein de chuid IÉ, moilleanna ar sheirbhís oidhreachta agus moilleanna mar gheall ar cheisteanna bonneagair ar an bpríomhlíne.

Maidir le sábháilteacht na stáisiún, chuimsigh siad seo saincheisteanna a bhain le fabht ar dhoras an ardaitheora i Ragnallach, an líonra iarnróid éadroim agus leibhéal truailithe aeir laistigh de stáisiúin throma iarnróid.

Maidir le sábháilteacht an rothstoic a fuarthas, áiríodh orthu seo imní maidir le bógaí iompair a ardaíodh i dtaca le hiarnród oidhreachta, locht ar dhoras EGV agus feidhmíocht doirse tram Luas.

Tugann CRI aird mhór ar aon uiríoll a dhéanann foireann iarnróid, paisinéirí iarnróid, daoine den phobal nó daoine eile a bhaineann le sábháilteacht iarnróid. Mar a léiríodh ní raibh impleachtaí sábháilteachta féideartha ach ag líon teoranta. Leanadh leo seo go léir trí chigireacht agus trí rannpháirtíocht dhíreach leis na heagraíochtaí iarnróid ábhartha.

Féach Aguisín D Fíor 9 le haghaidh treochtaí sna huiríll.

Feidhmíocht sábháilteachta

Chomh maith le gníomhaíochtaí ar an láthair amhail cigireachtaí agus iniúchtaí, téann CRI i dteagmháil le príomhbhainistíocht ó na heagraíochtaí iarnróid a ndéantar maoirseacht orthu. Mar a sonraíodh roimhe seo, bíonn na bealaí cumarsáide seo a leanas ann go tréimhsiúil le heagraíochtaí iarnróid, lasmuigh de ghníomhaíochtaí maoirseachta príomhúla amhail iniúchtaí, iniúchtaí agus gníomhaíochtaí iar-tharlaithe:

- Cruinnithe tréimhsiúla athbhreithnithe feidhmíochta sábháilteachta (SPRManna)
- Cruinnithe athbhreithnithe torthaí CRI
- Cruinnithe athbhreithnithe moltaí sábháilteachta RAIU
- Cruinnithe athfhillteacha tréimhsiúla le pearsanra na heagraíochta iarnróid de réir mar is gá (i.e.: bainisteoirí imscrúdaithe srl).

Is cuid lárnach den rannpháirtíocht seo an t-athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta agus athbhreithnithe ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus méadrachtaí a chuireann leis an maoirseacht bhliantúil. Is táscairí aitheanta ar fheidhmíocht sábháilteachta iad roinnt táscairí feidhmíochta sábháilteachta amhail imbhuailtí, díráillithe, dóiteáin ar rothstoc, SPADanna, teipeanna/lochanna bonneagair etc. In 2023, tionóladh 4 chruinniú athbhreithnithe feidhmíochta sábháilteachta le IÉ-IM, IÉ-RU, agus Transdev. Ina theannta sin, tionóladh cruinniú ar leith le Transdev 'Engineering' toisc go ndéanann Transdev oibriú agus cothabháil ar thramanna agus ar bhonneagar LUAS anois. Tionóladh trí chruinniú freisin le RSIE (oibreoir On-Track-Machine), dhá chruinniú le NIR (Translink), ceann amháin le BNM agus ceann eile leis an RPSI. Maidir le hiarnróid oidhreachta, a fheidhmíonn go neamhspleách, déantar an phríomhghníomhaíocht cigireachta a chumasc le cruinniú le príomhfhoirne bainistíochta na n-iarnróid oidhreachta.

Le linn an chaidrimh seo, tá na heagraíochtaí iarnróid faoi réir athbhreithniú ag CRI agus ceanglaítear orthu a léiriú conas atá siad ag bainistiú sábháilteachta agus riosca a bhaineann lena n-oibríochtaí go héifeachtach. Ina theannta sin, ní mór do na heagraíochtaí iarnróid mionsonraí a n-iniúchtaí imheánacha féin agus a n-imscrúduithe tar éis tionóiscí agus teagmhas a sholáthar, mar aon le pleananna agus bearta atá déanta chun atarluithe a chosc agus chun feabhsuithe próisis a fhorbairt.

SPADanna ar an ngréasán iarnróid throm

I gcomhthéacs oibriúcháin tháinig laghdú beag ar líon na dteagmhas SPAD ar líonra iarnróid Iarnród Éireann (12 in 2022 v 11 in 2023). Tá an treocht foriomlán le 10 mbliana anuas ag dul i laghad. Féach Aguisín D Fíor 4.

Imbhualtí le hainmhithe ar an ngréasán iarnróid throm

Léiríonn Fíor 3 in Aguisín D líon iomlán na n-imbhuailtí do gach catagóir ó 2014 go 2023. Cé go bhfuil méadú soiléir ar líon na n-imbhuailtí, 124 in 2023 i gcomparáid le 90 in 2022, is iad na foghrúpaí ábhartha atá ag tiomáint an mhéadaithe seo ná imbhuailtí traenach le hainmhí mór ar an líne, agus imbhuailtí traenach le constaicí eile ar an líne. Cuireann IÉ-IM agus IÉ-RU araon sonraí achoimre ar fáil do CRI, agus is í an príomhchúis leis an méadú ná méadú ar imbhuailtí le fianna. Níl fálú teorann a úsáidtear mar phríomhrialú do bheostoc chomh héifeachtach in aghaidh fianna. I gcás an fhoghrúpa eile d'imbhuailtí traenach le constaicí eile ar an líne tá méadú níos lú soiléir ach cuireann sé leis an méadú iomlán fós; is gnách go mbíonn na cásanna seo mar thoradh ar iompar frithshóisialta. Tá CRI ar an eolas faoi mhaoluithe riosca breise atá beartaithe ag IÉ-IM sa réimse seo agus tá siad faoi athbhreithniú tréimhsiúil.

Díráillithe traenacha ar an ngréasán iarnróid throm

Bhí 3 dhíráilliú traenach san iomlán in 2023 agus tharla siad seo ar fad ar thaobhlaigh IÉ, i gcoibhneas le 4 dhíráilliú san iomlán in 2023. Ní bheadh an bonneagar laistigh de na taobhlaigh coinnithe go dtí an caighdeán chomh hard le hinfrastruchtúr príomhlíne, agus is díráillithe ar luas íseal a bheadh iontu uile freisin i bhformhór mór na gcásanna, ag pointí láimhe a oibrítear de láimh. Taispeántar an treocht i díráillithe traenacha ó 2014 i Aguisín D Fíor 5.

Neasteagmhais ar an ngréasán iarnróid throm

Mar a léiríodh cheana, tharla roinnt teagmhais in 2023 inar tharla neasteagmhais le foireann IÉ. B'iad seo a leanas na heachtraí:

- Neasteagmhais a bhain le ball foirne CCE agus traein
- Neasteagmhais ag Cluain Uí Dhoinnín le hOibrí Cothabhála Riain
- Neasteagmhais le ball foirne iarnróid i dTollán Cheann Bhré 4.

Cé nár gortaíodh aon duine den fhoireann a bhain leis na teagmhais seo, d'fhéadfadh go mbeadh na hiarmhairtí níos déine. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag CRI ar na teagmhais seo, go háirithe na teagmhais níos déanaí.

Teagmhais SPAS/SPAD ar líonra LUAS

Tarlaíonn teagmhais SPÁS/SPAD ar líonra LUAS, cé nach n-aithníonn an córas comharthaíochta iad seo go huathoibríoch cé is moite de 3 shuíomh (Bealach Isteach Stop-losta Áth an Ghainimh, Bealach Isteach losta Dhroichead Broome agus acomhal Bhaile an Chócaigh) áit a bhfuil brathadóireacht. Bíonn formhór mór an líonra ag brath ar thiománaí an tram le féintuairisciú gur rith siad comhartha ag stad (SPAS). Léiríonn sonraí 2023 gur fhan na teagmhais seo ar aon dul go ginearálta leis an bhfeidhmíocht in 2022 ach gur tháinig méadú suntasach orthu ó 2021, agus go raibh siad ar aon dul go ginearálta leis an bhfeidhmíocht a breathnaíodh in 2017 agus 2018. Féach Aguisín D Fíor 7.

Déanann cigire CRI le ball foirne ábhartha TDLR athbhreithniú ar gach imeacht SPAD/SPAS chun a chinntiú go dtugtar faoi imscrúdú cúiseach leordhóthanach agus go ndéanann TDLR an riosca sábháilteachta gaolmhar a bhainistiú. Buaileann CRI le bainistíocht shinsearach TDLR go tréimhsiúil chun treocht SPAD/SPAS a athbhreithniú go mion, chun a chinntiú go bhfuil TDLR ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí neamh-inmhianaithe.

I dtuarascáil RAIU: Trend Investigation into Signals passed at stop on the LUAS Network – tuarascáil RAIU Uimh. 2022 – R003 ar na heachtraí SPAS/SPADanna seo, sonraíodh roinnt moltaí don earnáil iarnróid éadroim, agus tá gheallsealbhóirí ag ag gabháil do ghníomhaíochtaí faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais atá sna moltaí sin.

Comhthéacs foriomlán

In 2023 rinneadh measúnú go raibh feidhmíocht sábháilteachta foriomlán earnáil iarnróid throm na hÉireann dearfach den chuid is mó, i gcomparáid le blianta roimhe sin agus i gcoinne staitisticí Eorpacha.

I gcomhthéacs Eorpach, mheasaí go bhfuil feidhmíocht sábháilteachta na hÉireann an-mhaith. Mar sin féin, d'athródh timpiste suntasach amháin an mhéadracht feidhmíochta go hiomlán mar gheall ar mhéid líonra na hÉireann. Mar sin díritear go leanúnach ar fheabhsú leanúnach leis na heagraíochtaí iarnróid ar fad, agus ar ghníomhaíochtaí maoirseachta réamhghníomhacha.

Mar sin féin, bíonn Éire go seasta i measc na mBallstát a bhfuil na rátaí báis is ísle acu. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nach raibh aon bhás paisinéirí in Éirinn le linn na tréimhse seo agus gur de bharr foghail/mí-eachtraí na básanna a tuairiscíodh.

Ar leithligh, foilsíonn CRI a tuarascáil bhliantúil staitistiúil ina dtugtar anailís mhionsonraithe ar fheidhmíocht sábháilteachta iarnróid in Éirinn. Foilseofar an tuarascáil seo do 2023, mar a rinneadh le tuarascálacha roimhe seo, níos déanaí sa bhliain chun go n-éascófar sonraí bailíochtaithe bliana iomlána a fháil ó gach eagraíocht iarnróid. Tiomsaíodh Tuarascáil Feidhmíochta Sábháilteachta 2022 in 2023 agus tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin CRI.

Tá cuid de na príomhshonraí feidhmíochta sábháilteachta d'eagraíochtaí iarnróid a bhí ar fáil tráth foilsithe na tuarascála bliantúla seo curtha i láthair in Aguisín D.

Monatóireacht NSA

Mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Iarnróid (ERA) iniúchadh ar CRI go déanach in 2020 mar chuid de thimthriall iniúchta trí bliana ar gach NSA de chuid na mBallstát. Rinne an t-iniúchadh seo measúnú ar an gcaoi a raibh an NSA ag comhlíonadh a fheidhmeanna maidir le sábháilteacht iarnróid agus tugadh chun críche é i lár 2021 nuair a foilsíodh torthaí an ERA. Cé gur luadh sa phríomhthoradh go bhfuil CRI bunaithe agus eagraithe ar bhealach a ligeann don údarás gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh agus inniúlachtaí a fhoirne a bhainistiú, shainaithin sé roinnt easnamh ar ghá aird a thabhairt orthu.

Lean CRI ag tabhairt aghaidh ar mholtaí an ERA agus tá na gníomhartha a d'aithin CRI don ERA inár bplean gníomhaíochta gaolmhar curtha i gcrích.

Tá sé curtha in iúl don CRI go ndéanfaidh an ERA iniúchadh orthu i Ráithe 3 de 2024 laistigh den dara timthriall iniúchta pleanáilte ERA de na NSAanna.

TUAIRISC AN CHEANNAIRE RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH AGUS RIALÁIL IARNRÓID



Rialachas corparáideach agus riarachán

Cloíonn CRI leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Airgeadais

Cuirtear maoiniú ar fáil do CRI i bpáirt trí Thobhach Sábháilteachta ar na heagraíochtaí éagsúla iarnróid agus i bpáirt trí Dheontas Státchiste.

Ina theannta sin, féadfaidh CRI táille a ghearradh as raon dá ghníomhaíochtaí, go sonrach:

- Táillí a ghearrtar ar aitheantas do Chomhlachtaí Ainmnithe DeBo – IR Uimh. 176/2021 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Idir-inoibritheacht an Chórais Iarnróid) (Comhlachtaí Ainmnithe) (Táillí).
- Táillí a ghearrtar ar ERA mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta nuair is é ERA an comhlacht measúnaithe le haghaidh deimhniú sábháilteachta aonair nó údarú feithicle – Rialachán AE 2018/764 arna leasú le Rialachán AE 2021/1903.
- Táillí a ghearrtar as tógáil agus cur i seirbhís suiteálacha cábla-bhealaigh a údarú nó chun iad a mhodhnú – IR 543 Rialacháin an AE (Suiteálacha Cábla-bhealaigh) 2020.
- Táillí a ghearrtar as ceadúnais tiomána traenach a eisiúint nó a athnuachan – IR 399 Rialacháin an AE (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010.

Féadfaidh CRI, le toiliú an Aire Iompair agus an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh lena bhforchuirtear tobhach ar eagraíochtaí iarnróid. Bhí na Rialacháin do 2023 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 267 2023. Léirítear thíos cur i bhfeidhm chistí ag CRI:

Tábla 6
Feidhmiú cistí ag CRI

| | 2022 (€ milliún) | 2023 (€ milliún) |
|---------------------|---------------------|---------------------|
| Buiséad | 2.583** | 2.793 |
| Deontas Státchiste | 0.730 | 0.754 |
| Ceanglas Tobhaigh | 1.25 | 1.587 |
| Costais oibriúcháin | 2.25 | * |
| Barrachas | 0.323 | * |

* Tá Cuntais Iomlána do 2023 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

** Tabhair faoi deara go raibh an difríocht idir Buiséad 2023 agus Deontas agus Tobhach an Státchiste clúdaithe ag DeBo, údarú Cábla-bhealaí, táillí Cheadúnais Tiománaithe Traenach, agus cúlchistí CRI.

Foilsítear cuntais iniúchta bhliantúla CRI ar ár suíomh gréasáin ar leithligh ón tuarascáil seo. Foilsíodh ráiteas airgeadais iniúchta 2022 an C&AG an 8 Nollaig 2023.

Luach saothair iomlán na foirne CRI

Miondealú ar thuarastal an fhostaí.

Tábla 7
Miondealú ar thuarastal an fhostaí

| Raon scála pá tuarastail | | Líon fostaíthe | |
|--------------------------|----------|----------------|------|
| Ó | Chun | 2022 | 2023 |
| €60,000 | €69,999 | 3 | 0 |
| €70,000 | €79,999 | 8 | 9 |
| €80,000 | €89,999 | - | 0 |
| €90,000 | €99,999 | - | 1 |
| €100,000 | €109,999 | - | - |
| €110,000 | €119,999 | 3 | 1 |
| €120,000 | €129,999 | - | 1 |
| €130,000 | €139,999 | - | - |
| €140,000 | €149,999 | - | - |
| €150,000 | €159,999 | 1 | - |
| €160,000 | €169,999 | - | 1 |

Nochtar miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaíthe os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000, mar a cheanglaítear le himlitir 13/2014 ó DPER.

In 2023 b'ionann luach saothair an Choimisinéara agus €165,143.

Tiomantas don Ghaeilge

Tá CRI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú 2021) a chur i bhfeidhm. Tá comharthaíocht agus stáiseanáireacht CRI i nGaeilge agus i mBéarla faoi láthair. Tá ár dTuarascáil Bhliantúil, ár Ráiteas Airgeadais agus ár Ráiteas Straitéise ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe ag CRI le haghaidh comhfhreagrais maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

Saoráil Faisnéise (Saoráil Faisnéise)

Tá CRI san áireamh i measc na n-eagraíochtaí atá liostaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tá sé tiomanta do cloí le prionsabail an Achta seo. Sa bhliain 2023 fuarthas deich n-iarratas SF, ar deonaíodh dhá cheann acu, deonaíodh cúig cinn i bpáirt agus tarraingíodh trí cinn siar. Is féidir sonraí na n-iarratas seo agus an fhaisnéis a d'eisigh CRI roimhe seo faoi Shaoráil Faisnéise a fheiceáil ar an Loga Nocht SF ar ár suíomh gréasáin.

Cairt do chustaiméirí

Tá an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil ar shuíomh gréasáin CRI. Déanann an chairt seo cur síos ar an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ó CRI.

Socruithe rialachais CRI leis an Roinn Iompair (DoT)

Tá an comhaontú maoirseachta agus an comhaontú seachadta feidhmíochta riachtanach ar bun ag CRI de réir an Chóid Chleachtais. Bhí an dá chomhaontú faoi réir athbhreithnithe agus nuashonraithe le DoT in 2023. Bunaithe ar na comhaontuithe seo tháinig CRI agus DoT le chéile go foirmiúil ar bhonn ráithiúil chun gach páirtí a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha i réimsí an rialachais chorparáidigh, an bheartais iompair agus na reachtaíochta. In 2023 chuir CRI a thuarascáil ráithiúil agus bhliantúil ar sheachadadh feidhmíochta ar fáil do DoT de réir an chomhaontaithe um sheachadadh feidhmíochta.

Rinneadh comhaontuithe nua don tréimhse 2024-2026 a aontú agus a thabhairt chun críche freisin.

An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid

Cheap an tAire comhaltaí den Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid (RSAC) in 2022 i gcomhréir le Cuid 8 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 ar feadh tréimhse 3 bliana. I ráithe 4 de 2023, cheap an tAire cathaoirleach nua ar an gcomhairle.

Ba mhaith le CRI a bhuíochas a ghabháil le Frank Dawson, an cathaoirleach roimhe seo, as a thiomantas do shábháilteacht iarnróid agus a chuid oibre leis an RSAC. Lean CRI de chúnadh a thabhairt d'fheidhmiú na Comhairle trí áiseanna a sholáthar, lena n-áirítear ardán fíorúil cruinnithe a sholáthar chun cruinnithe agus tacaíocht riaracháin a éascú. Ní dhearna an Chomhairle aon mholtaí do CRI in 2023.

Tuarascáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú 2022)

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú in 2022) ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil a fhoilsiú ar líon na nochtá cosanta a rinneadh don chomhlacht poiblí sa bhliain roimhe sin agus ar an ngníomh a rinneadh (más ann) mar fhreagra ar na nochtá cosanta. In 2023, ní bhfuair an Ceannaire um Rialachas Corparáideach agus Rialála sa CRI, mar an duine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, aon nochtadh cosanta ó pháirtithe lasmuigh den Choimisiún nó laistigh den Choimisiún. Tá a dtuarascáil bhliantúil ar nochtá cosanta curtha faoi bhráid na Roinne Iompair don bhliain 2023 ag CRI.

Tá idir bhealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus bhealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha maidir le nochtadh cosanta i bhfeidhm ag CRI.

Cosaint sonraí

I rith 2023, lean CRI ag coinneáil suas chun dáta a bheartais, a chórais agus a nósanna imeachta, chun comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí a chinntiú. In 2023 ní bhfuair CRI aon iarrataí ar chosaint sonraí.

Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

Ag teacht lenár gcroilúachanna, tá CRI tiomanta dár n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Bunaítear le hAlt 42 den Acht sin dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna gach duine a mbíonn siad i dteagmháil leo, baill foirne, úsáideoirí seirbhíse, agus páirtithe leasmhara araon, a chosaint.

In 2023, lean an Coimisiún ar aghaidh ag gníomhú ar mholtaí ghrúpa oibre inmheánach CRI agus ag cur ár nDualgas um Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus um Chearta an Duine i bhfeidhm tríd an bpróiseas trí chéim de mheasúnú, aghaidh a thabhairt agus tuairisciú. Go sonrach, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar roinnt Beartais inmheánacha chun a chinntiú go ndéanann siad tagairt do chearta an duine agus don chomhionannas nuair is gá. Cuireadh uirlisí foghlama ar líne ar nós clár ríomhfhoghlama IHREC ar fáil don fhoireann. Ar an iomlán, tá 7 gcinn de na 9 saincheist a aithníodh inár gcéad phlean gníomhaíochta curtha i gcrích.

Leanfar ag tabhairt aghaidh ar chearta an duine agus ar chomhionannas faoi athbhreithniú ráithiúil leis an bhfoireann ar fad. Déanfar an rannpháirtíocht seo a chomhtháthú freisin inár gcéad Ráiteas Straitéise eile 2024-2027.

Inrochtaineacht

Ní mór do chomhlachtaí na hearnála poiblí in Éirinn a chinntiú go bhfuil a suíomhanna gréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibíleacha inrochtana do chách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tháinig Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Soghluaiste Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí) 2020 i bhfeidhm an 23 Meán Fómhair 2020.

Rinneadh iniúchadh inrochtaineachta ar an suíomh gréasáin corparáideach (www.crr.ie) bunaithe ar an NDA, leantar den tuarascáil mhonatóireachta agus feabhsuithe inrochtaineachta a chur i bhfeidhm bunaithe ar na torthaí.

D'fhoilsigh CRI a ráiteas inrochtaineachta ar a shuíomh gréasáin in 2023 freisin.

Íocaíochtaí pras

Tá sé mar bheartas ag CRI a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á dhéanamh, ag teacht le nósanna imeachta airgeadais cearta, lena chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den fhráma ama riachtanach, de réir an dea-chleachtais is fearr. Foilsíonn CRI tuarascálacha ráithiúla ar chomhlíonadh ar a shuíomh gréasáin agus tá siad uaslódáilte le haghaidh 2023.

Rochtain ar fhaisnéis faoin gComhshaol

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 (IR Uimh. 133 de 2007) tugtar cearta dlíthiúla dóibh siúd a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údarais phoiblí. Ní bhfuair CRI iarratas ar bith faoin reachtaíocht um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol in 2023.

Tuarascáil ar Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 CRI

Is é Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 (CAP23) a foilsíodh an 21 Nollaig 2022, an dara nuashonrú bliantúil ar Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2019 (CAP19). Sonraíonn CAP23 Sainordú Gníomhaíochta na hAeráide san Earnáil Phoiblí.

Leagann an mandáid amach riachtanais le haghaidh gnímh agus tuairiscithe a bhaineann lenár Spriocanna, Daoine, Bealaí Oibre, agus Foirgneamh agus feithiclí. Tá an cur chuige ina leith seo sonraithe i Treochlár Gníomhaíochta Aeráide 2023 CRI, atá foilsithe ar ár suíomh gréasáin (Treochlár Gníomhaíochta Aeráide). Ullmhaíodh an Treochlár ag baint úsáid as an teimpléad do chomhlacht poiblí beag faoi threoir an SEAI.

Tá dul chun cinn déanta againn i ngnéithe dár bhfeidhmíocht chomhshaoil le treocht anuas san ídiú fuinnimh agus acmhainní i gcomhthéacs líon méadaithe foirne agus gníomhaíochtaí.

Déanaimid ár ndícheall ár bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú go leanúnach, agus trí é sin a dhéanamh cosc a chur ar thruailliú agus feasacht comhshaoil a spreagadh. Mar thionónta amháin i bhfoirgneamh iláitíochta, tá sé mar aidhm againn tionchar a imirt ar athrú ón tiarna talún agus iad a spreagadh chun úsáid fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

In 2022, an scórchárta SEAI is déanaí atá ar fáil, ba é ár dTáscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI) ná 5,442 in aghaidh sprice de 11,833. Ar an iomlán, bhí ár EnPI 2.9% níos fearr ná 2021, 77% níos fearr ná an bhunlíne éifeachtúlachta fuinnimh agus 54% níos fearr ná sprioc 2030. Maidir lenár gCeanglas Fuinnimh Príomhúil Iomlán (TPER) 2022 atá bunaithe ar theirmigh, leictreachas agus iompar, táimid 56.6% níos fearr ná bonnlíne 2009.

Tá Struchtúr Rialachais curtha i bhfeidhm ag CRI chun tacú lena ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear Curaidh Aeráide agus Inbhuanaitheachta, Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus Foireann Ghlas a cheapadh.

TUARASCÁIL AR RIALÁIL IARNRÓID



Rialachán iarnróid

Údarás ceadúnúcháin gnóthais iarnróid

Is é CRI an tÚdarás Ceadúnúcháin atá freagrach as iarratais ar cheadúnas a mheasúnú agus a dheonú do ghnóthas iarnróid sa Stát. Ní féidir le gnóthas iarnróid seirbhís iarnróid a oibriú gan cheadúnas. Le haghaidh an mheasúnaithe, ní mór don ghnóthas iarnróid a dhéanann iarratas ar cheadúnas a léiriú don Údarás Ceadúnúcháin, roimh thús a ghníomhaíochtaí, go mbeidh sé in ann, tráth ar bith, na ceanglais a bhaineann le dea-cháil, le hoiriúnacht airgeadais, le hinniúlacht ghairmiúil agus clúdach dá dhliteanas sibhialta a shásamh. Ní thugann an cheadúnas ann féin teideal don ghnóthas iarnróid rochtain ar an mbonneagar iarnróid.

Ní mór ceadúnais a athnuachan gach cúig bliana agus foilsítear clár de cheadúnais eisithe ar shuíomh gréasáin CRI.

Ní raibh aon cheadúnais le hathnuachan agus ní bhfuarthas aon iarratas nua ar cheadúnais ghnóthais iarnróid in 2023.

Comhlacht neamhspleách monatóireachta

Is iad feidhmeanna CRI mar Chomhlacht Monatóireachta Neamhspleách monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht IÉ-IM i leith a chuid oibleagáidí faoi IMMAC; eadráin a dhéanamh i gcás ina dtarlaíonn díospóid idir na páirtithe maidir leis na ceanglais maidir le comhlíonadh an chonartha; an córas monatóireachta feidhmíochta arna fhorbairt ag IÉ-IM a cheadú agus an tAire a chur ar an eolas faoi aon threochtaí leanúnacha ag IÉ-IM maidir le teip ar chomhlíonadh.

Ar 3 Márta 2023, d'eisigh CRI a Thuarascáil Bhliantúil IMMAC chuig an Aire don bhliain 2022.

Áiríodh iad seo a leanas i bpríomhthorthaí na tuarascála:

- Ar an iomlán, ní raibh aon athruithe suntasacha ann don bhliain, agus bhí an toradh beagán níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis do 2022 i gcomparáid leis an réamhaisnéis, arna thiomáint go príomha ag an Roinn CCE
 - Roinn CCE – Níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis ag caiteachas breise 4%
 - Roinn SET – gan aon athruithe suntasacha
 - Roinn an IMO – gan aon athruithe suntasacha
 - Roinn na gCóras (SMS & Sócmhainní) – beagán níos ísle ná an toradh a rabhtas ag súil leis le gannchaiteachas 6%
- Maoiniú Forlíontach ó DoT
 - In 2022 fuair IÉ-IM Maoiniú Forlíontach de €98.32m a díródh chuig Líne Lastais Fhainge, TPS, APRW agus Líne Brainse an Aonaigh, (agus €10.6m tugtha anonn go 2023 d’Fhaing agus TPS).

Comhlacht rialála

Achomhairc agus gearáin

Ní bhfuair CRI aon achomharc nó gearán mar Chomhlacht Rialála in 2023.

Ráiteas líonra

Chuir CRI deireadh lena athbhreithniú ar an Ráiteas Líonra mar a d'fhoilsigh Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (IÉ-IM), a bhí chun a chinneadh an bhfuil a bhfuil ann ag teacht le IR Uimh. 249 de 2015, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialáil Iarnróid) 2015 agus IR Uimh. 398 de 2020, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Iarnróid a Rialáil) (Leasú), 2020.

Eisíodh tuarascáil deiridh chuig IÉ-IM i mí Eanáir 2023, inar nótáladh comhoibriú IÉ-IM maidir leis an athbhreithniú seo a chur i gcrích, agus go bhfuil CRI sásta go bhfuil gníomh déanta ag IÉ-IM chun aghaidh a thabhairt ar na pointí gníomhaíochta aitheanta.

Foilsíodh an leagan Gaeilge de Ráiteas Líonra 2023 i mBealtaine 2023, agus tá IÉ-IM tiomanta do gach Ráiteas Líonra amach anseo a fhoilsiú i mBéarla agus i nGaeilge araon.

FORBAIRTÍ SA CHREAT REACHTAÍOCHTA NÁISIÚNTA AGUS EORPACH



Creat reachtaíochta náisiúnta iarnróid

Seo a leanas na forbairtí sa chreat reachtach náisiúnta in 2023.

IR Uimh. 267 2023 – An tOrdú Tobhaigh faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 (Alt 26), 2023
Chuir sé sin an tobhach bliantúil ar na heagraíochtaí iarnróid sa Stát do 2023, a mhaoinigh gníomhaíochtaí CRI i dtaca lena fheidhmeanna de réir Alt 26 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

Maidir le forbairt leanúnach na reachtaíochta, tá feidhm ag CRI faoi Alt 72 de RSA 2005 chun reachtaíocht a choinneáil faoi athbhreithniú. Sa chomhthéacs seo lean CRI lena rannpháirtíocht le DoT in 2023, de réir mar a iarradh, ar leasuithe molta ar RSA 2005.

Creat eorpach um reachtaíocht iarnróid

Chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus teicniúil a rialaíonn oibriú an Ghréasáin Eorpaigh Iarnróid, tá gá le rannpháirtíocht fhairsing idir an Coimisiún Eorpach, DG-MOVE agus ERA leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí eile. Chun tuiscint agus feasacht a áirithiú ar fhorbairt leanúnach an chreata dlíthiúil agus theicniúil a rialaíonn oibriú an Ghréasáin Eorpaigh Iarnróid, bhí CRI ina rannpháirtithe gníomhacha i níos mó ná 50 cruinniú faoi chathaoirleacht an Choimisiúin Eorpaigh, DG-MOVE agus ERA.

Is é atá i bpacáiste athbhreithnithe STI 2023 ná sraith leasuithe ar na Sonraíochtaí Teicniúla maidir le hIdir-inoibritheacht (TSI) a ghlac an Coiste um Idir-inoibritheacht agus um Shábháilteacht Iarnróid an 30 Márta 2023. Tháinig an pacáiste i bhfeidhm an 28 Meán Fómhair 2023, agus áirítear ann athruithe ar na STIanna ENE, INF, LOC&PAS, NOI, OPE, PRM, agus WAG, chomh maith le hathmhúnlú ar an STI CCS. Is díol suntais freisin an obair leanúnach ar an leibhéal Eorpach ar athbhreithniú ar Threoir na dTiománaithe Traenach agus ar an Measúnú Comhchoiteann Sábháilteachta ar Fheidhmíocht Leibhéal Sábháilteachta, a d'fhéadfadh teacht chun críche in 2024.

In 2023 leanamar ar aghaidh ag glacadh páirt sa Choiste Idir-inoibritheachta agus Sábháilteachta Iarnróid (RISC) mar ainmní ballstáit agus mar thacaíocht theicniúil do DoT. Ghlacamar páirt freisin i líonra Eorpach DG MOVE de Chomhlachtaí Rialála Iarnróid. Leanamar lenár ról mar ionadaí na mBallstát ar Bhord Bainistíochta ERA.

Is ball é CRI de Líonra na nÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige malartú gníomhach tuairimí agus taithe a dhéanamh chun críche critéar cinnteoireachta a chomhchuibhiú. Ghlac CRI páirt i ngach cruinniú iomlánach den fhóram seo in 2023.

Lean CRI lena rannpháirtíocht i roinnt grúpaí oibre tosaíochta a bhaineann go sonrach le topaicí an ERA.

TUAIRISC CHUIMSITHEACH AN CHOIMISINÉARA DON AIRE



Mar Choimisinéir, aithním freagracht an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal cuibheasach seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i CRI don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Tá polasaí bainistíochta riosca ag CRI ina leagtar amach a mhian riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina shonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an polasaí ar fáil do gach ball foirne a fhéadfaidh an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag CRI a shainaithníonn agus a thuariscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh CRI. Tá siad seo aitheanta, measúnaithe, agus grádaithe de réir a dtábhacht. Tá an clár athbhreithnithe agus cothrom le dáta ag an bhFoireann Bainistíochta ar bhonn ráithiúil in 2023.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach sannta orthu;
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint;

agus

Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuarisciú;
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

Deimhním go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag CRI chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú. Aibhsítear ceisteanna a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag CRI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na CRIanna ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair ár n-íniúchta inmheánaigh, an iniúchta sheachtraigh agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de CRI.

Tá Cód Iompair agus Eitice i bhfeidhm d'fhostaithe.

Tá polasaí an Rialtais ar phá Príomhfheidhmeannach agus gach fostaí de chuid Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh. Foilsítear sonraí faoi thuarastal an Choimisinéara sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais.

Deimhním go bhfuil prótacal ag CRI chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí an Oireachtais ag Comhlachtaí Stáit faoi choimirce Ranna Rialtais de réir Imlitir 25/2016.

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha tar éis an chláir chomhardaithe.

Comhlíonann CRI polasaithe taistil an Rialtais.

Comhlíonann CRI na nósanna imeachta diúscartha sócmhainní.

Comhlíonann CRI gach dlí cánach ábhartha.

Tá CRI ag cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

AGUISÍNÍ



Aguisín A

Litreacha ceadaithe chéimeanna APIS

Tábla 8
Litreacha glactha eisithe in 2023


| Céimeanna APIS | Coincheap | Réamh-dhearadh | Dearadh mion-sonraithe | T & C | Oibriú eatramhach | Seirbhís |
|---|-----------|----------------|------------------------|-------|-------------------|----------|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Bonneagar – Iarnród Éireann | | | | | | |
| Tardhroichead (OBM779D) Líne Bhaile Átha Luain go Cathair na Mart | | | | | | ■ |
| Tardhroichead (OMB782M) Líne Bhaile Átha Luain go Cathair na Mart | | | | | | ■ |
| Tardhroichead do Choisithe, (OBB66A), ag Stáisiún Bhaile Mhic Gormáin | | | | | ■ | |
| DART+ Cósta Thuaidh (Bonneagar BEMU) | | ■ | | | | |
| Trealamh Cois Riain ETCS leibhéal 1 Droichead Átha – Na Clocha Liatha & Binn Éadair | | ■ | | | | |
| Comharthaíocht – Port Laoise | | | | | ■ | |
| Tardhroichead coisithe (OBW65A) le hardaitheoirí ag Stáisiún Cheatharlach | | | | | ■ | |
| Tardhroichead coisithe (OBR111A) le hardaitheoirí ag Stáisiún Dheilginse | | | | | ■ | |
| Tardhroichead do Choisithe, OBS430A, ag Stáisiún Mheathas Troim | | | | | ■ | |
| Tardhroichead coisithe (OBE73E) le hardaitheoirí ag Stáisiún na hInse | | | | | ■ | |
| Stáisiún na Ciseoige – Athnuachan/ Uasghrádú | | | ■ | | | |
| Suiteálacha Seasta do DART+ Thiar | | ■ | | | | |
| Tardhroichead Coisithe (OBT20B) le hardaitheoir ag Stáisiún Bháintíre | | | ■ | | | |
| Tardhroichead do choisithe/ rothaíochta (OBB32B) i nDomhnach Bat, Baile Átha Cliath | | | ■ | | | |
| Tardhroichead, (OBW39A), Líne Bhaile Átha Cliath go Port Láirge | | | | | ■ | |
| Tardhroichead do Choisithe, OBS430A, ag Stáisiún Mheathas Troim | | | | | | ■ |

| | Coincheap | Réamh-dhearadh | Dearadh mion-sonraithe | T & C | Oibriú eatramhach | Seirbhís |
|--|-----------|----------------|------------------------|-------|-------------------|----------|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Céimeanna APIS | | | | | | |
| Ardán nua, droichead coise & ardaitheoirí ag Stáisiún Acomhal Luimnigh | | | | | ■ | |
| Stáisiún Nua – Sruthán na Coille | | | ■ | | | |
| Athfhorbairt Stáisiún Cheannt na Gaillimhe | | | ■ | | | |
| Tardhroichead (OBW39A) Líne Bhaile Átha Cliath go Port Láirge | | | | | | ■ |
| Tardhroichead (OBR419A) Líne Bhaile Átha Cliath go Ros Láir | | | ■ | | | |
| Tardhroichead Coisithe & Rothaíochta Líne Bhaile Átha Cliath go Sligeach | | | ■ | | | |
| Tardhroichead coisithe athsholáthair Líne Phort Láirge go Luimneach | | | ■ | | | |
| Trealaimh Cois Riain leibhéil ETCS 1 Brainse Bhinn Éadair | | | ■ | | | |
| Lárionad Náisiúnta Rialaithe Traenach – Córais | | | ■ | | | |
| GSM-R CCT – Céim 2 | | | | | ■ | |
| Stáisiún Nua – Baile Pheiléid | | | | | ■ | |
| Comharthaíocht – Géisill | | | | | ■ | |
| Tardhroichead coisithe (OBE73E) le hardaitheoirí ag Stáisiún na hInse | | | | | | ■ |
| Bonneagar – Eile | | | | | | |
| Velorail Choillte Mach, Bonneagar | | | | | | ■ |
| Velorail, Bord na Móna, Bonneagar | ■ | | | | | |
| Metrolink, TII | ■ | | | | | |
| Struchtúir Thúir Charr Chábla Oileán Baoi & oibreacha gaolmhara (Céim 1) | | | ■ | | | |
| Struchtúir Thúir Charr Chábla Oileán Baoi & oibreacha gaolmhara (Céim 2) | | | | | | ■ |
| Rothstoc – Iarnród Éireann | | | | | | |
| Feithicil Taifeadta Rianta | | | | ■ | | |
| Iarnród Idirchathrach Aicme 22000 IÉ-RU – Carr B2 | | | | ■ | | |
| Crann Ar Ráille – Cineál KRC-500 | | | | ■ | | |


Aguisín B

Uimhreacha paisinéirí ar na córais iarnróid trom agus éadrom 2023

Fíor 1
Turais phaisinéirí ar
líonra iarnród Éireann



Fíor 2
Turais phaisinéirí ar
líonra LUAS



Aguisín C

Torthaí (moltaí) CRI a rinneadh le heagraíochtaí iarnróid

Léiríonn na táblaí seo a leanas stádas na dtorthaí CRI a rinneadh ar eagraíochtaí iarnróid. De ghnáth déantar iad seo tar éis iniúchtaí, cigireachtaí nó tar éis gníomhaíocht iar-theagmhais a dhéanamh a bhaineann le tionóiscí nó teagmhais.

Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh in 2023 maidir le dúnadh torthaí CRI. Cé go bhfuil cuma ard ar roinnt figiúirí sa chatagóir 'Oscailte' ní chiallaíonn sé seo nach ndearnadh aon ghníomh nó nach bhfuil aon fhorbairt déanta. Tugann CRI cruinnithe tréimhsiúla leanúnacha athbhreithnithe ar torthaí le heagraíochtaí iarnróid chun torthaí a fhorbairt agus a chur chun cinn. In 2023 rinneadh cuid shuntasach den obair chun torthaí a rinne cigirí CRI a chur chun cinn, rud a d'fhág gur dúnadh 109 toradh CRI san iomlán. Bhí 39 díobh seo ina mór-neamhchomhlíonta nó ina mion-neamhchomhlíonadh agus ba Ghníomhartha riachtanacha iad na 70 toradh dúnta eile.

Tábla 9
Stádas torthaí CRI amhail 31 Nollaig 2023

| Gníomhaíocht | Oscailte | | FER | | Curtha isteach | | Dúnta | |
|--------------------------------|----------|-----|-----|-----|----------------|-----|-------|-----|
| | ARs | NCs | ARs | NCs | ARs | NCs | ARs | NCs |
| Torthaí CRI do IÉ-IM | | | | | | | | |
| Iniúchadh | 9 | 4 | 7 | 5 | 1 | 1 | 267 | 79 |
| Cigireacht | 57 | 18 | 3 | 0 | 2 | 0 | 29 | 7 |
| Gníomhaíocht Iar-Tarlaithe | 20 | 9 | 14 | 3 | 5 | 2 | 98 | 20 |
| Torthaí CRI do IÉ-RU | | | | | | | | |
| Iniúchadh | 19 | 13 | 6 | 5 | 3 | 0 | 124 | 49 |
| Cigireacht | 25 | 7 | 2 | 0 | 2 | 2 | 53 | 16 |
| Gníomhaíocht Iar-Tarlaithe | 4 | 2 | 5 | 0 | 0 | 0 | 31 | 9 |
| Torthaí CRI do Transdev | | | | | | | | |
| Iniúchadh | 28 | 7 | 24 | 3 | 1 | 0 | 60 | 9 |
| Cigireacht | 7 | 5 | 3 | 2 | 0 | 0 | 15 | 1 |
| Gníomhaíocht Iar-Tarlaithe | 8 | 3 | 2 | 0 | 1 | 0 | 6 | 2 |
| Torthaí CRI do NIR | | | | | | | | |
| Iniúchadh | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 2 |
| Cigireacht | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| Gníomhaíocht Iar-Tarlaithe | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | 1 |

Moltaí sábháilteachta RAIU

Déanann CRI monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí sábháilteachta a dhéanann RAIU.

Eisíonn CRI moltaí RAIU go foirmiúil chuig eagraíochtaí iarnróid nó aonáin eile agus rianáinn sé cur i bhfeidhm na moltaí sin ansin.

Is iad na catagóirí stádais do mholtaí RAIU chun críocha rianaithe:

Oscailte/ar siúl

Táthar ag fanacht le haiseolas (Fianaise) ón Eagraíocht Iarnróid (nó páirtí eile) nó níl gníomhartha curtha i gcrích go fóill.

Curtha isteach

Tá aighneacht déanta ag an Eagraíocht Iarnróid (nó páirtí eile) do CRI, ag cur in iúl go bhfuil bearta glactha aici chun dul i bhfeidhm ar an moladh agus is é an chéad chéim eile go ndéanfaidh CRI athbhreithniú ar an aighneacht agus cinneadh a dhéanamh an féidir nó nach féidir leis an moladh a dhúnadh nó más gá an moladh a athchatagóiriú.

FER (Fianaise Breise ag Teastáil)

Tá athbhreithniú déanta ag CRI ar aighneacht (nó aighneacht bhreise) ach measann sé go bhfuil gá le tuilleadh fianaise chun an moladh sábháilteachta a dhúnadh. D'fhéadfadh go mbeadh atriallta iolracha ar fhianaise bhreise ag teastáil/atriallta iolracha ar athbhreithnithe chun an moladh sábháilteachta a dhúnadh.

Dúnta

Tá athbhreithniú déanta ag CRI ar aighneacht (nó aighneacht bhreise) agus tá siad sásta gur tugadh aghaidh ar an moladh sábháilteachta.

Tábla 10
Moltaí sábháilteachta RAIU

| Bliain | Líon na dtuarascálacha | Líon moltaí | | | | Iomlán |
|------------------------------|------------------------|-------------|----------------|-----------|-----------|------------|
| | | Oscailte | Curtha isteach | FER | Dúnta | |
| 2014 | 6 | 0 | 0 | 1 | 25 | 26 |
| 2015 | 2 | 0 | 0 | 0 | 4 | 4 |
| 2016 | 3 | 6 | 0 | 2 | 12 | 20 |
| 2017 | 1 | 0 | 0 | 2 | 7 | 9 |
| 2018 | 1 | 1 | 0 | 1 | 7 | 9 |
| 2019 | 4 | 9 | 1 | 5 | 21 | 36 |
| 2020 | 4 | 6 | 0 | 8 | 4 | 18 |
| 2021 | 7 | 15 | 0 | 10 | 11 | 36 |
| 2022 | 3 | 15 | 0 | 1 | 0 | 16 |
| 2023 | 5 | 43 | 2 | 1 | 1 | 47 |
| Iomlán | | 95 | 3 | 31 | 92 | 221 |
| Moltaí iomlána déanta | | | | | | 221 |

Aguisín D

Staitisticí na dtáscairí sábháilteachta

Tábla 11
Staitisticí báis agus díobhálacha Iarnród Éireann

| Catagóir | '14 | '15 | '16 | '17 | '18 | '19 | '20 | '21 | '22 | '23 | Treocht |
|---|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|---------|
| Oibríochtaí iarnróid: gortuithe marfach do phaisinéirí | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr timpiste traenach, ní ag croisaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr timpiste traenach ag croisaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtimpiste traenach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul ar bord traenach nó tuirlingt ón traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Bonneagar iarnróid: gortuithe marfacha tríú páirtí | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach do thríú páirtí ag croisaire comhréidh a bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do thríú páirtí ag croisaire comhréidh nár bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag croisaire comhréidh mar gheall ar thraein ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí mar gheall ar thraein ag gluaiseacht (seachas ag croisaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí nár tharla mar gheall ar thraein ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Bonneagar iarnróid: gortuithe marfacha fostaithe | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag croisaire comhréidh mar gheall ar thraein ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí mar gheall ar thraein ag gluaiseacht (seachas ag croisaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí nár tharla mar gheall ar thraein ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |


| Catagóir | '14 | '15 | '16 | '17 | '18 | '19 | '20 | '21 | '22 | '23 | Treocht |
|---|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|---------|
| Oibríochtaí iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach mar gheall ar thraein ag gluaiseacht nár tharla ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do chustaiméir nó cuairteoir, gan aon traein i gceist | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain le traein ag gluaiseacht ar an iarnród nó ar an gcrosaire comhréidh nuair a tugadh le fios go raibh treaspás nó bás amhrasach ann | 6 | 2 | 5 | 12 | 9 | 4 | 7 | 5 | 6 | 11 | |
| Oibríochtaí iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí/daoine eile | | | | | | | | | | | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein mar gheall ar thimpiste iarnróid nach raibh ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein mar gheall ar thimpiste iarnróid ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir ag iarraidh dul ar bord traenach nó tuirlingt ón traein | 45 | 48 | 79 | 57 | 74 | 76 | 42 | 32 | 62 | 65 | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas de bharr timpiste iarnróid | 18 | 15 | 31 | 33 | 46 | 38 | 9 | 0 | 30 | 45 | |
| Bonneagar iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtithe | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | |
| Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 1 | 2 | 2 | |
| Bonneagar iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile | | | | | | | | | | | |
| Gortú do chustaiméir nó do chuairoteoir ar áitreabh | 205 | 146 | 192 | 321 | 199 | 288 | 122 | 96 | 172 | 223 | |
| Gortuithe do dhaoine eile daoine neamhúdaráithe san áireamh | 0 | 1 | 2 | 6 | 0 | 2 | 0 | 0 | 2 | 3 | |

| Catagóir | '14 | '15 | '16 | '17 | '18 | '19 | '20 | '21 | '22 | '23 | Treocht |
|---|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|-----|---------|
| Oibriúcháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe | | | | | | | | | | | |
| Timpiste ama cailte ag fostaí a bhain le gluaiseacht traenach nó timpiste traenach | 21 | 3 | 1 | 15 | 13 | 7 | 8 | 0 | 0 | 20 | |
| Timpiste ama cailte ag fostaí agus iad ag obair ar iarnród nár tharla mar gheall ar thraein a bheith ag gluaiseacht | 43 | 32 | 30 | 30 | 13 | 35 | 16 | 8 | 11 | 11 | |
| Bonneagar iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha fostaithe | | | | | | | | | | | |
| Timpiste ama cailte ag fostaí a bhain le gluaiseacht traenach nó timpiste traenach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Timpiste ama cailte ag fostaí agus iad ag obair ar iarnród nár tharla mar gheall ar thraein a bheith ag gluaiseacht | 25 | 6 | 23 | 22 | 26 | 24 | 20 | 33 | 20 | 20 | |
| Timpiste ama cailte ag fostaí agus iad ag obair ag crosaire comhréidh nár tharla mar gheall ar thraein ag gluaiseacht | 2 | 0 | 3 | 1 | 1 | 0 | 3 | 0 | 2 | 2 | |
| Eintiteas i gceannas ar chothabháil agus ceardlanna cothabhála: gortuithe neamh-mharfacha fostaithe | | | | | | | | | | | |
| Timpiste ama cailte ag fostaí a bhain le gluaiseacht traenach nó timpiste traenach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Timpiste ama cailte ag fostaí agus iad ag obair ar iarnród nár tharla mar gheall ar thraein a bheith ag gluaiseacht | 18 | 13 | 11 | 10 | 12 | 15 | 4 | 11 | 7 | 5 | |

Comharthaí Tarchurtha i gContúirt (SPADanna)

Sainmhínítear SPAD mar rud a tharla nuair a théann traein thar chomhartha stad (dearg) gan údarú. Is réamhtheachtaí ar leith iad SPADanna a ndéanann CRI monatóireacht orthu ag a gcuinnithe maoirseachta le IÉ-RU. Tá laghdú tagtha ar na réamhtheachtaithe seo sa treocht le blianta beaga anuas agus tá sé le feiceáil laistigh den treocht poncaithe laistigh den bhFíor thíos.


Fíor 4
Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstu



Díráillithe traenacha


Tá na díráillithe traenacha fós ag leibhéal ísle, agus iad sin go léir a tharla in 2023 ar siúl i dtaobhlaigh.

Fíor 5
Díráillithe traenacha



Tionóiscí tráchta a bhain le tramanna

Fíor 6
Timpistí trácht bóthair
(imbhuaití) a bhain le
tramanna de réir bliana




Comharthaí Tarchurtha ag Stop (SPASanna) & imeachtaí SPAD

Tarlaíonn teagmhais SPAS/SPAD ar líonra LUAS, léiríonn sonraí 2023 gur fhan na teagmhais sin ar aon dul go ginearálta leis an bhfeidhmíocht in 2022 ach go raibh méadú suntasach orthu ó 2021.


I dtuarascáil RAIU le déanaí: Trend Investigation into Signals passed at stop on the LUAS Network – tuarascáil RAIU Uimh. 2022 – R003 arna foilsiú an 21 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis na himeachtaí SPAS/SPADanna seo mionsonraíodh roinnt moltaí don earnáil iarnróid éadroim, agus tá geallsealbhoirí i mbun gníomhaíochtaí faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais atá sna moltaí sin.

Fíor 7
Comharthaí a ndeachaigh tramanna ar aghaidh ag an stad



Díráilithe tramanna


Fíor 8
Díráilithe tramanna



Uirill phoiblí

Uirill ón bpobal agus ó fhoireann iarnróid a fuarthas in 2023, de réir catagóire.

Fíor 9
Uirill phoiblí



Aguisín E

Oibreoiri iarnróid oidhreachta agus Velorail

Iarnróid oidhreachta

Tábla 13
Iarnróid oidhreachta a bhfuil deimhniú sábháilteachta reatha acu

| | |
|--|--|
| Iarnród Éadrom Duibhlinne Páirc Ghort na Darach Ráth Bhoth Co Dhún na nGall | Iarnród caol príobháideach is ea Iarnród Éadrom Dhuibhlinne, 4.5km ar a fhad, ar thailte Dhiméin Pháirc Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. |
| Cumann Traenach na Gaeltachta Láir Baile na Finne Co Dhún na nGall | Iarnród caol is ea Cumann Traenach na Gaeltachta Láir atá 4.8km ar a fhad. Ritheann an t-iarnród ó Bhaile na Finne chuig rinn ar a dtugtar 'Ceann an Locha'. |
| Iarnród Caol Tomhsaire Chumann Gaile na hÉireann An Sráidbhaile Co Laoise | Tá an t-Iarnród caol ag Irish Steam Preservation Society, a luaitear ar a chuid margáiochta mar Mhearthraein Choillearnach Shráidbhaile, lonnaithe i gcoillearnach Eastát Halla Shráidbhaile trí aontú léasa leis an tiarna talún. Iarnród caol atá ann, 800m ar a fhad. |
| Iarnród Aonráille Lartigue Bóthar John B Keane Lios Tuathail Co Chiarraí | Tá Iarnród Aonráille Lartigue, LMR, comhdhéanta de thrí limistéar ar leith, is iad sin, an Príomhshuíomh, an Músaem agus an Suíomh Bunaidh. Laistigh den phríomhshuíomh tá an t-iarnród féin. |
| Iarnród Phort Láirge agus Ghleann na Siúire Stáisiún Chill Mhíodáin Cill Mhíodáin Co Phort Láirge | Iarnród caol is ea Iarnród Phort Láirge agus Ghleann na Siúire idir Stáisiún Chill Mhíodáin agus Carraig na bhFraochán, Cathair Phort Láirge. Ritheann sé ar chuid den líne iarnróid tréigthe idir Port Láirge agus Mala. Tá an t-iarnród 10km ar a fhad. |
| Iarnród an Chabháin & Liatroma Dromad Co Liatroma | Iarnród caol is ea Iarnród an Chabháin & Liatroma atá 0.8km ar a fhad. Ritheann an t-iarnród ó stáisiún Dhromaid chuig pointe thart ar 90 méadar ón mbóthar idir Maothail agus Dromad ar raon bunaidh Iarnród an Chabháin agus Liatroma. |
| Iarnród Mór an Iarthair Láir Teo. Stáisiún Traenach Chrois Mháma Crosaire Mháma Chonamara Co na Gaillimhe | Feidhmíonn Iarnród oidhreachta Chonamara ar raon caol scoite timpeall 400m ar fad. |

Tábla 14
Iarnróid oidhreachta a bhfuil deimhniú sábháilteachta reatha acu

| | |
|--|--|
| <p>Tralee-Dingle Steam Railway Co Ltd Halla an Bhaile Cé an Phrionsa Trá Lí Co Chiarraí</p> | <p>Is iarnród caol é Iarnród Thrá Lí-Daingean 3km ar fad a ritheann ó Stáisiún an Bhaile Aird i dTrá Lí go Stáisiún Chathair Uí Mhóráin. Ritheann an t-iarnród feadh líne an iarnróid dúnta ó Thrá Lí go dtí an Daingean.</p> |
| <p>West Clare Railway Co Ltd Acomhal Mhaigh Easa Chill Rois</p> | <p>Is iarnród caol é Iarnród Iarthar an Chláir, a oibríonn thar níos mó ná 4km de rian. Tá an t-iarnród lonnaithe san iar-stáisiún i Maigh Easa, in aice le Cill Rois, Co. an Chláir, áit a bhfuil teach an stáisiúin athchóirithe mar iarsmalann. Ritheann an líne atá in úsáid thar bhunghrinneall iarnróid Iarthar an Chláir.</p> |
| <p>Páirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teo Ráth Iomgháin Co. Chill Dara</p> | <p>Turas lúbtha 1km ar a fhad is ea Iarnród Oidhreachta Loilíoch Mór trí thailte laghortaigh atá á n-athshlánú.</p> |

Oibreoirí Velorail

Tábla 15
Oibreoirí Velorail a bhfuil Deimhniú Sábháilteachta reatha acu

| | |
|--|--|
| <p>IRD CLG Choillte Mach – Velorail Bóthar an Stáisiúin Coillte Mach Contae Mhaigh Eo F12YE09</p> | <p>Tá IRD Kiltimagh CLG – Velorail ag baint úsáid as thart ar 8km de rian san iomlán agus is é an fad cúrsa chun troitheánú a dhéanamh ar na rothair iarnróid ná timpeall 1 uair 15 nóiméad.</p> |
|--|--|

Aguisín F

Gníomhaíochtaí cigireachta maoirseachta

Tábla 16
Gníomhaíochta cigireachta maoirseachta a tosaíodh in 2023

| Uimh. | Ainm cigireachta maoirseachta | Aonán iarnróid |
|-------|---|---------------------|
| 1 | Aiseolas SUP chuig CA RSIE | RSIE |
| 2 | Díchoimisiúnú crosaire Comhréidh agus Úsáid Iarmharta | BNM |
| 3 | Cigireacht crosaire comhréidh IÉ-IM DSS | IÉ-IM |
| 4 | Iarnród Liatroma an Chabháin | C&LR |
| 5 | Bainistíocht Inniúlachta Tiománaí | TDLR |
| 6 | Siúlóid Riain | TDLR |
| 7 | Cábáin Comharthaíochta SET | IÉ-IM |
| 8 | Eachtra DIR 75966 – Méideanna Rothaí ICR | IÉ-RU |
| 9 | Cigireacht Speisialtaí Mhárta | RPSI |
| 10 | Cigireacht Dhroichead Broome agus Chaisleán Cnucha chun aghaidh a thabhairt ar rianta iniúchta atá fós le déanamh | IÉ-IM |
| 11 | Cigireacht stáisiúin Béal Átha hAmhnais | IÉ-RU |
| 12 | Cigireacht droichid OBM 740 Béal Átha hAmhnais | IÉ-IM |
| 13 | Cigireacht stáisiúin Clár Chlainne Mhuiris | IÉ-RU |
| 14 | Áiseanna Cothabhála Flít NIR | NIR |
| 15 | Sonraí Lonnaíochta Charlemont – Athbhreithniú ar Shonraí 2022/R1 2023 RPS/TDLR | TDLR |
| 16 | Cigireachtaí Tolláin | IÉ-IM |
| 17 | Cigireachtaí Stáisiún Móra | IÉ-RU |
| 18 | Cigireacht Iarnróid Loch Duibhlinne | DLR |
| 19 | Cigireacht SPAS Belgard A05 | TDLR |
| 20 | Cigireachtaí Stáisiúin – Fócas B&F – 15 stáisiún | IÉ-IM |
| 21 | Cigireacht W&SVR 2023 | W&SVR |
| 22 | Pleanáil Imeachtaí – Seó Aeir Bhré | IÉ-RU |
| 23 | Siúlóid Riain | TDLR |
| 24 | Cigireacht Bhliantúil | ISPS |
| 25 | Seabreeze nó Eile | RPSI |
| 26 | Cigireacht Iarnróid Oidhreachta Bhaile na Finne | Baile an Fhiontaigh |
| 27 | Iostaí Bainistíochta Lamháitais CME (Droichead Átha & Fionradharc) | IÉ-RU |
| 28 | Monatóireacht Inmheánach, Iniúchadh Inmheánach & Imscrúdú Timpiste | NIR |
| 29 | Monorail Lartigue | LMR |
| 30 | Cigireacht Bhliantúil – Oibreoir Nua | VELO |
| 31 | TDLR 401 Cigireacht flít ALARP | TDLR |

| Uimh. | Ainm cigireachta maoirseachta | Aonán iarnróid |
|-------|---|----------------|
| 32 | Cosán Droichead Broom go SSG | TDLR |
| 33 | Athbhreithniú ar chothabháil agus ar oibríochtaí MPV790 | RSIE |
| 34 | NSA-IE Tuarascáil bhliantúil | ERA |
| 35 | Pleanáil agus Freagairt Éigeandála | TDLR |
| 36 | Athbhreithniú ar Threocht Ró-Ghasta TDLR | TDLR |
| 37 | Athbhreithniú ar Inniúlacht a Bhaineann le Sábháilteacht | IÉ-IM |
| 38 | Athbhreithniú ar Inniúlacht a Bhaineann le Sábháilteacht | IÉ-RU |
| 39 | Speisialtacht Dhaidí na Nollag | RPSI |
| 40 | Seiceáil leighis agus inniúlachta do Thiománaí Traenach IE-RU | IÉ-RU |
| 41 | Siúlóid Riain Líne Dhearg Heuston – Pointe | TDLR |
| 42 | Cigireacht Iarnród Oidhreachta Chonamara | CON |
| 43 | Seiceáil Leighis Tiomána RSIE | RSIE |
| 44 | Dearadh, Ullmhúchán agus Oibriú Rothstoic do Sheirbhísí NIR ar Líonra IÉ-IM | NIR |
| 45 | Cigireacht Santa Express Iarnród Loch Diffin | DLR |

Tábla 17
Gníomhaíochta cigireachta maoirseachta a cuireadh i gcrích in 2023 ar cuireadh tús leo in 2022

| Uimh. | Ainm cigireachta maoirseachta | Aonán iarnróid |
|-------|---|---------------------|
| 1 | Athbhreithniú NWRM IÉ-IM | IÉ-IM |
| 2 | Tionscadail Chomharthaíochta IOD 2014-2019 | IÉ-IM |
| 3 | Baile Finne 2022 Príomhchigireacht | Baile an Fhiontaigh |
| 4 | Príomhchigireacht Iarnróid Loch Duibhlinne 2022 – | DLR |
| 5 | Deil Rothaí Dhroichead Átha | IÉ-RU |
| 6 | Bainistíocht Seomra Rialaithe | RSIE |
| 7 | Cigireacht ISPSNGR Iarnróid Oidhreachta (Iarnród Coillearnach an Sráidbhaile) | ISPS |
| 8 | Cigireachtaí ECP | IÉ-IM |
| 9 | Cigireacht ar Cheadúnas Tiomána Traenach | IÉ-RU |
| 10 | CSI IÉ-IM Cigireacht ar bhailiú sonraí | IÉ-IM |

Aguisín G Gluais

| | |
|-------|--|
| AE | An tAontas Eorpach |
| APIS | Údarú le Cur i mbun Seirbhíse |
| BNM | Bord Na Móna |
| CACR | Iarnród Comaitéireachta Limistéar Chorcaí |
| CILT | An Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair |
| CRI | An Coimisiún um Rialáil Iarnróid |
| CTC | Lárionad Rialaithe Tráchtá |
| DART | Mear-Iompar Cheantar Bhaile Átha Cliath |
| DeBo | Comhlacht Ainmnithe |
| DGSA | Comhairleoir Sábháilteachta Earraí Contúirteacha |
| DLR | Iarnród Loch Dufflin |
| DoT | An Roinn Iompair |
| ECM | Aonán atá i bhfeighil Cothabhála |
| EFTA | Comhlachas Saorthrádála na hEorpa |
| ERA | An Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid |
| ETCS | Córas Eorpach Rialaithe Traenach |
| FoI | Saoráil Faisnéise |
| GSM-R | Córas Domhanda um Chumarsáid Soghluaiste – Iarnróid |
| ICDMU | Ilaonad Díosail Idirchathrach |
| IÉ-IM | Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann |
| IÉ-RU | Gnóthas Iarnróid Iarnród Éireann |
| IMMAC | Conradh Ilbhliantúil – Bainisteoir Bonneagair |
| IRS | Caighdeán Iarnróid na hÉireann |
| LCC | LUAS Traschathrach |
| NIR | Translink Northern Ireland Rail |
| NIS2 | an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise |
| NR | Rialacha Náisiúnta |
| NSA | An tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta |
| OSS | Ionad Ilfhreastail |
| OTM | Meaisín ar Rian |
| POA | Gníomhaíocht Iar-Tharlaithe |
| RAIU | An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid |
| RISC | An Coiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteacht Iarnróid |
| RO | Eagraíocht Iarnróid |
| RPSI | Cumann Caomhnaithe Iarnróid na hÉireann |
| RSA | An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid |
| RSIE | Romberg Sersa Ireland |
| RU | Gnóthas Iarnróid |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SMS | Córas Bainistíochta Sábháilteachta |
| SPAD | Comhartha Contúirte a nDeachtas Thairis |

| | |
|------|--|
| SPAS | Comhartha Stop a nDeachtas Thairis |
| SPRM | Cruinniú Athbheithnithe Feidhmíochta Sábhálteachta |
| SSC | Deimhniú Sábhálteachta Aonair |
| TDLR | Iarnród Éadrom Transdev Bhaile Átha Cliath |
| TII | Bonneagar Iompair Éireann |
| TPS | Córas Cosanta Traenach |
| TSI | Sonraíocht Theicniúil maidir le hIdir-inoibritheacht |
| USAN | Fógra um Chomhairle Sábhálteachta Práinne |

Tá CRI buíoch de Neil Dinnen as cead a chuid íomhánna cóipchirt a úsáid sa tuarascáil seo



An Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Atha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie